



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.1.2026
COM(2026) 20 final

2026/0008 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hÍasachta
Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an tAontas ag leanúint de thacú go dílis leis an Úcráin, tír a bhfuil todhchaí aici laistigh den Aontas Eorpach. Tacaíonn an tAontas le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus tá sé diongbháilte ina thiomantas tacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil¹. I bhfianaise fhogha na Rúise atá ag dul in olcas, is gá gníomhú go tapa chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an Úcráin ar na hacmhainní atá de dhíth go práinneach uirthi. Tá an togra seo ceaptha chun a áirithiú go mbunófar ionstraim nua chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais phráinneacha sin, trí chúnamh ón Aontas a chur ar fáil don Úcráin i bhfoirm iasachta a bheidh le haisíoc trí chúiteamh atá dlite ag an Rúis.

Bhí tionchar an-díobhálach ag mór-ionradh na Rúise ar an Úcráin, ar cuireadh tús leis an 24 Feabhra 2022, ar an tír agus ar a saoránaigh. D’ainneoin iarrachtaí taidhleoireachta na Stát Aontaithe agus na hEorpa réiteach síochánta a bhaint amach, agus ullmhacht na hÚcráine dul i mbun idirphlé chun deireadh a chur leis an gcogadh, tá dlús curtha ag an Rúis lena hionsaithe ar an Úcráin, ag díriú d’aon ghnó ar shibhialtaigh agus ar bhonneagair chriticiúla. Ghéaraigh an géarú sin an ghéarchéim dhaonnúil tuilleadh, bhí sé ina chúis le fulaingt ollmhór do mhuintir na hÚcráine agus d’ardaigh sé costas ollmhór daonna agus airgeadais an fhogha mhíleata gan chúis gan údar sin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine é an cogadh foghach neamhdhleathach atá an Rúis a chur uirthi, agus is sárú é chomh maith ar an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, ar riail dhomhaolaithe den dlí idirnáisiúnta agus de phrionsabail eile Chairt na Náisiún Aontaithe é. Is léiriú ar a neart é an diongbháilteacht agus an misneach buanseasmhach a léirigh muintir na hÚcráine agus a dtír dhúchais á cosaint acu agus éilíonn sé meas mór.

Mar sin féin, mar gheall ar fhogha treisithe na Rúise, tá méadú tagtha ar riachtanais mhaoinithe na hÚcráine agus tá gá le hinfheistíocht phráinneach i mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta na hÚcráine. Is léir anois go bhfuil gá le foinsí breise maoiniúcháin ón Aontas agus ón gcomhphobal idirnáisiúnta araon. Meastar go sáróidh riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine le haghaidh 2026 agus 2027 réamh-mheastacháin atá ann cheana ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), a gcuirtear i bhfios go láidir ina ochtú athbhreithniú ar Chlár CAI go bhfuil rioscaí agus éiginnteacht fós ar leibhéal thar a bheith ard, agus nach bhfuil ach raon feidhme teoranta ag an gclár atá ann cheana chun aon suaitheadh nua a sheasamh, lena n-áirítear ó chogadh níos faide agus níos déine. An 9 Meán Fómhair 2025 chuir an Úcráin iarraidh oifigiúil isteach ar chlár nua CAI chun riachtanais mhaoiniúcháin bhreise a chumhdach ó 2026 go 2029. Tá cumas CAI dul ar aghaidh leis an gclár seo ag brath ar dhearbhuirthe leordhóthanacha maoiniúcháin a fháil ó chomhpháirtithe, lena n-áirítear an tAontas.

Le dréachtbhuiséad na hÚcráine le haghaidh 2026 a tiolacadh le déanaí agus a forbraíodh i gcomhar le CAI, réamh-mheastar caiteachas cosanta agus slándála EUR 56 bhilliún, le tacaíocht ó EUR 51,6 billiún de chúnamh míleata comhchineáil. I bhfianaise thionchar diúltach an chogaidh ar gheilleagar na hÚcráine, réamh-mheastar sa bhuiséad sin go bhfuil gá le EUR 43 bhilliún de chúnamh idirnáisiúnta sa bhreis ar an gcúnamh comhchineáil. Níl

¹ Conclúidí na Comhairle Eorpaí, 27 Meitheamh 2024; EUCO 15/24.

geallta go daingean faoin am seo, is é sin faoi mhí Eanáir 2026, ach EUR 25 bhilliún. Tá spás teoranta ag an Úcráin le haghaidh coigeartuithe fioscacha breise, ós rud é go bhféadfadh tuilleadh ciorruithe caiteachais nó méaduithe cánach dochar breise a dhéanamh don gheilleagar, atá leochaileach cheana féin mar gheall ar dhamáiste do phríomhbhonneagar, ganntanas lucht saothair, agus easáitiú agus slógadh leanúnach daoine. Tá cúnamh airgeadais pras rithábachtach chun cabhrú leis an Úcráin feidhmeanna bunriachtanacha stáit a choinneáil ar bun, cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a áirithiú, bonneagair chriticiúla fuinnimh a athshlánú, agus infheistíocht a dhéanamh ina Bonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta. Tagann na riachtanais sin sa bhreis ar na riachtanais mhóra maidir le téarnamh meántéarmach agus atógáil mheántéarmach.

Sa ráiteas ón gcruinniú mullaigh a bhí acu an 8 Nollaig 2025, chomhaontaigh Airí Airgeadais G7 leanúint de bheith ag obair le chéile chun raon leathan roghanna maoiniúcháin a fhorbairt chun tacú leis an Úcráin, lena n-áirítear an fhéidearthacht úsáid a bhaint as luach iomlán shócmhainní na Rúise atá blocáilte i ndlínsí G7 go dtí go n-íocfaidh an Rúis as cúiteamh, chun deireadh a chur leis an gcogadh agus chun síocháin chóir mharthanach a chinntiú san Úcráin, i gcomhréir le creataí dlíthiúla G7.

Sna conclúidí uathí an 27 Meitheamh 2024, an 17 Deireadh Fómhair 2024, an 19 Nollaig 2024 agus an 23 Deireadh Fómhair 2025, dúirt an Chomhairle Eorpach freisin, faoi réir dhlí an Aontais, gur cheart sócmhainní na Rúise leanúint de bheith blocáilte go dtí go gcuirfeadh an Rúis deireadh lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus go gcúiteadh sí an Úcráin as an damáiste a rinne an cogadh sin. Ina theannta sin, le Rialachán (AE) 2025/2600 ón gComhairle², cuirtear toirmeasc go sealadach ar shócmhainní agus cúlchistí Bhanc Ceannais na Rúise a aistriú chuig Banc Ceannais na Rúise go dtí go gcuirfeadh an Rúis deireadh leis an gcogadh foghach atá á fhearadh aici ar an Úcráin, go gcuireann an Rúis cúiteamh ar fáil don Úcráin a mhéid is gá chun go bhféadfar atógáil a dhéanamh gan iarmhairtí díobhálacha eacnamaíocha ná airgeadais a bheith ann don Aontas, agus go scoireann gníomhaíochtaí na Rúise i gcomhthéacs a cogaidh fhoghaigh ar an Úcráin go hoibiachtúil de bheith ina riosca tromchúiseach de mhórdheacrachtaí do gheilleagar an Aontais agus a Bhallstát.

Sa chomhthéacs sin, an 18 Nollaig 2025, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach iasacht EUR 90 billiún a chur ar fáil don Úcráin do na blianta 2026-2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil le tacaíocht ó lamháil bhuiséad an Aontais. Tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú freisin, nach mbeidh tionchar ag aon slógadh acmhainní ó bhuiséad an Aontais, ina cháil mar ráthaíocht don iasacht seo, ar oibleagáidí airgeadais Phoblacht na Seice, na hUngáire ná na Slóvaice, agus é sin trí bhíthin comhar feabhsaithe (Airteagal 20 CAE), i ndáil leis an ionstraim atá bunaithe ar Airteagal 212 CFAE. Ar an dáta céanna, tháinig 25 Bhallstát ar chomhaontú nach n-aisíocfadh an Úcráin an iasacht sin go dtí go bhfaigheadh sí an cúiteamh, agus go dtí sin, go mbeidh sócmhainní Bhanc Ceannais na Rúise blocáilte i gcónaí agus forchoimeádann an tAontas a cheart úsáid a bhaint astu chun an iasacht a aisíoc, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Leag na Ballstáit sin béim ar a thábhachtaí atá na gnéithe seo a leanas i ndáil leis an iasacht: (a) tionscal cosanta an Aontais agus na hÚcráine a neartú; (b) an Úcráin a bheith ag leanúint den smacht reachta, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh an éillithe, a chaomhnú; agus (c) cineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

² Rialachán (AE) 2025/2600 ón gComhairle an 12 Nollaig 2025 maidir le bearta éigeandála lena dtugtar aghaidh ar na deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha arb iad gníomhaíochtaí na Rúise i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin is cúis leo (IO L, 2025/2600, 13.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2600/oj>).

I bhfianaise an mhéid sin, tá sé beartaithe ionstraim tacaíochta nua suas le EUR 90 billiún a bhunú don Úcráin, nach n-aisíocfadh an Úcráin go dtí go bhfaigheadh sí cúiteamh ón Rúis (an ‘Iasacht Tacaíochta don Úcráin). Tar éis iarrataí a fháil ó Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Cipire, Poblacht na Cróite, Ríocht na Danmhairge, Poblacht na hEastóine, Éire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na Fraince, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na hIodáile, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht Mhálta, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Seice, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Ríocht na Spáinne, Ríocht na Sualainne agus an Ungáir, moltar le togra ón gCoimisiún a ghabhann leis seo go n-údarófar comhar feabhsaithe maidir leis an iasacht sin.

Iasacht Tacaíochta don Úcráin

D’ainneoin riachtanais ollmhóra na hÚcráine, tá cumas stát na hÚcráine níos mó fiachais a ghlacadh an-teoranta ar fad. Tá méadú ollmhór tagtha ar chóimheas na hÚcráine idir an fiachas rialtais agus an olltáirgeacht intíre ó thús an chogaidh, ó níos lú ná 50 % de OTI ag deireadh 2021 go 85 % de OTI in 2025 (níos mó ná 100 % de OTI lena n-áirítear iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin). I bhfianaise an scriosta shuntasáigh atá déanta ag an gcogadh ar tháirgiúlacht agus na cúltarraingthe leanúnaí atá ag an gcogadh ar dhinimic fáis, ní féidir leis an Úcráin aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shuntasacha mhaoiniúcháin trí fhiachas breise a ghlacadh uirthi féin.

Ag an am céanna, tá airgeadas na mBallstát fós ag téarnamh ó shraith géarchéimeanna le 10 mbliana anuas, lena n-áirítear na costais shuntasacha a gineadh le cogadh na Rúise san Úcráin agus feachtas hibrideach na Rúise i gcoinne an Aontais. Dúshlán eacnamaíoch tábhachtach a bheadh ann dá ndéanfadh na Ballstáit acmhainní suntasacha breise a shlógadh chun go mbeadh siad in ann an Úcráin a mhaoiniú.

I gcomhthéacs dhinimic dheacair fiachais na hÚcráine mar gheall ar ionsaí leanúnach na Rúise agus na dúshlán a bhaineann le hairgeadas na mBallstát, lena n-áirítear ó ghníomhaíochtaí na Rúise, is iomchuí réiteach nuálach a fhorbairt nach meastar a chuirfidh ualach airgeadais ar an Úcráin ná ar na Ballstáit.

I gcomhréir le Dréacht-Airteagail an Choimisiúin Dlí Idirnáisiúnta maidir le Freagracht na Stát as Gníomhartha Éagóracha ar Leibhéal Idirnáisiúnta (AFSGÉI)³ agus leis an ngnáthdhlí idirnáisiúnta, tá oibleagáid ar an Rúis – mar an stát freagrach – cúiteamh iomlán a dhéanamh as an díobháil a rinneadh mar gheall ar a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Go háirithe, foráiltear le hAirteagail 30-32 de AFSGÉI go bhfuil ‘an Stát atá freagrach as an ngníomh éagórach idirnáisiúnta faoi oibleagáid: (a) scor den ghníomh sin, má leanann sé ar aghaidh; [...]’; ‘Tá oibleagáid ar an Stát freagrach cúiteamh iomlán a thabhairt i leith na díobhála a rinne an gníomh éagórach idirnáisiúnta.’ ‘Áirítear le díobháil aon damáiste, bíodh sé ábhartha nó morálta, mar thoradh ar ghníomh éagórach idirnáisiúnta a rinne Stát.’

I gcomhthéacs na hoibleagáide dlíthiúla sin atá ar an Rúis cúiteamh a dhéanamh as an damáiste atá déanta aici lena cogadh foghach neamhdhleathach, is iomchuí don Aontas an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a sholáthar mar iasacht cúlraigh teoranta a bheidh dlite agus iníoctha nuair a gheobhaidh an Úcráin airgead nó sócmhainní neamhairgid ón Rúis mar chúiteamh cogaidh, slánaíochtaí nó aon socrú airgeadais ón Rúis, seachas críoch.

³ Airteagail maidir le Freagracht na Stát i leith Gníomhartha Éagóracha ar Leibhéal Idirnáisiúnta, 2001, an Coimisiún Dlí Idirnáisiúnta.

Úsáid cistí

I bhfianaise riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine agus na héiginnteachta suntasaí maidir le todhchaí an chogaidh, tá sé ríthábhachtach go ndearfaí an Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar bhealach solúbtha atá frithghníomhach don staid. Ba cheart solúbthacht a bheith ann chun an t-airgead a úsáid i dtreo na riachtanas maoiniúcháin is práinní, bíodh sin á spreagadh ag staid reatha an chogaidh nó chun tacú leis an atógáil i gcás ina dtiocfadh an tsíocháin i réim.

Déantar foráil sa togra seo maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin a sholáthrófar ar bhealach intuartha, leanúnach, ordúil, solúbtha agus tráthúil d'fhonn tacú leis an Úcráin a riachtanais mhaoiniúcháin agus chosanta in 2026 agus 2027 a chumhdach, go háirithe na riachtanais sin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise. Go sonrach, ba cheart don Iasacht Tacaíochta tacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais san Úcráin agus a srianta maoinithe sheachtraigh a éascú, bídís á spreagadh ag cogadh nó ag atógáil, agus tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine trí chomhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil.

Chun tacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais san Úcráin agus chun a srianta maoinithe sheachtraigh a mhaolú, cruthaítear leis an togra roghanna iomadúla trínar féidir na cistí a dhíriú chun tacú leis an Úcráin, i gcás ina bhféadfaí tacaíocht a sholáthar trí chúnamh macrairgeadais agus tríd an tSaoráid don Úcráin. Faoin dá ionstraim, beidh eisíocaíochtaí nasctha le réamhchoinníollacha agus coinníollacha beartais. Maidir le cúnamh macrairgeadais, leagfaí na coinníollacha sin amach i meabhrán tuisceana (MT) idir an Coimisiún agus an Úcráin lena n-áirítear coinníollacha chun slógadh ioncaim a neartú, dul i ngleic le bunchúiseanna an éillithe, inbhuanaitheacht agus cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú agus éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí a fheabhsú. Maidir leis an tSaoráid don Úcráin, ba cheart Plean na hÚcráine a thabhairt cothrom le dáta chun na méideanna breise sin a léiriú, lena n-áirítear bearta chun an smacht reachta agus an comhrac i gcoinne an éillithe a neartú.

Chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine trí chomhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil, foráiltear sa togra do chúnamh arb é is aidhm leis cur ar a cumas don Úcráin infheistíochtaí poiblí práinneacha móra a dhéanamh chun tacú le tionscal cosanta na hÚcráine agus lena lánpháirtiú i dtionscal cosanta na hEorpa mar fhreagairt ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus ina diaidh. Chun bonn tionsclaíoch cosanta na hÚcráine a threisiú go práinneach ar bhealach éifeachtúil uathrialach, ba cheart critéir incháilitheachta a struchtúrú ar bhealach lena ndíreofar na gníomhaíochtaí, na caiteachais agus na bearta chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine i dtreo Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta na hÚcráine a atógáil, a théarnamh agus a nuachóiriú, agus a lánpháirtiú de réir a chéile i mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí á chur san áireamh. Ina theannta sin, chun go mbeidh an Úcráin in ann an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a úsáid ar an mbealach is oiriúnaí do na himthosca, is iomchuí cead a thabhairt di na cistí a úsáid chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine trí mhodhanna cur chun feidhme éagsúla a léiríonn éagsúlacht na riachtanas.

Cuirfear an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch atá ar fáil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil don Úcráin i gcomhréir lena riachtanais mhaoiniúcháin. Chuige sin, déanfaidh an Úcráin Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a thíolacadh maidir lena riachtanais maoinithe agus lena foinsí maoiniúcháin. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, d'fhormheasfadh an Chomhairle an measúnú sin agus chinnfeadh sí an méid cúnaime a chuirfear ar fáil don Úcráin chun cabhrú le cur chun feidhme Straitéis na hÚcráine um Maoiniú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Beidh an tacaíocht faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin comhsheasmhach agus comhlántach leis an tacaíocht arna soláthar trí Rialachán (AE) 2024/792⁴, Rialachán (AE) Uimh. 2021/947⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1257/96⁶, Rialachán (CE) Uimh. 2024/2773⁷ agus Rialachán (AE) Uimh. 2025/1106⁸ i gcomhréir le cuspóirí, loighic idirghabhála agus rialacha na n-ionstraimí sin faoi seach.

Go sonrach, is rud breise í an Iasacht Tacaíochta don Úcráin agus tá sí comhlántach leis an tacaíocht a sholáthraíonn an tAontas faoi Thionscnamh na Mear-iasachtaí G7 agus faoin tSaoráid don Úcráin. Tugtar aird ar leith ar chomhsheasmhacht agus ar threisiú frithpháirteach na hIasachta Tacaíochta don Úcráin agus ar chur chun feidhme beartas cosanta, dá bhforáiltear faoi Rialachán SAFE agus faoin Rialachán EDIP atá beartaithe.

- **Comhsheasmhacht le Beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tacaíocht faoin tionscnamh Iasachta Tacaíochta don Úcráin comhsheasmhach le cur i bhfeidhm beart sriantach (smachtbhannaí) i gcoinne na Rúise agus tá sí comhlántach leis an tSaoráid Eorpach Síochána.

Thairis sin, an stádas mar iarrthóir a thug an Chomhairle Eorpach an 23 Meitheamh 2022 agus an cinneadh ón gComhairle Eorpach an 14-15 Nollaig 2023 tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin, rinne siad an Úcráin a dhaingniú go daingean ar a conair Eorpach. Is é sin an fáth a rannchuideoidh freagairt iomlán an Aontais chun tacú le hathléimneacht agus téarnamh na hÚcráine – lena n-áirítear tríd an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, a bheidh comhsheasmhach le cur chun feidhme na Saoráide don Úcráin agus a thacóidh léi – le luathchéim phróiseas réamhaontachais na hÚcráine.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Is bunús dlí iomchuí é Airteagal 212 CFAE le cláir chúnaimh airgeadais arna dheonú ag an Aontas le haghaidh tríú tíortha nach tíortha forbartha iad.

⁴ Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj>).

⁵ Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/2021-06-14>).

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 a bhaineann le cabhair dhaonnúil (IO L 163, 2.7.1996, lgh. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1996/1257/2019-07-26>).

⁷ Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024, lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L, 2024/2773, 28.10.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2773/oj>).

⁸ Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj>).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Urramaítear prionsabal na coimhdeachta mar ní féidir leis na Ballstáit freastal ina n-aonair ar an ngá le freagairt chomhchoiteann a dhéanamh maidir le tacaíocht a sholáthar don Úcráin ar scála leormhaith, agus gur fearr is féidir leis an Aontas Eorpach an méid sin a bhaint amach mar gheall ar scála agus éifeacht na tacaíochta sin. Is iad na príomhchúiseanna atá leis sin na srianta cumais fhioscaigh agus buiséadacha a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal náisiúnta agus an gá atá le deontóirí a chomhordú go láidir chun scála agus éifeachtacht na tacaíochta a uasmhéadú, agus san am céanna, an t-ualach ar acmhainn riaracháin údarais na hÚcráine, atá faoi bhrú mór sna cúinsí atá ann faoi láthair, a theorannú. Tá deis uathúil ag an Aontas cúnamh seachtrach a chur ar fáil don Úcráin chun tacaíocht a chur ar fáil chun riachtanais bhuiséadacha phráinneacha a chumhdach ar bhealach intuartha, leanúnach, ordúil agus tráthúil, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine.

- **Comhréireacht**

Mar thoradh ar an bhfogha leanúnach gan chúis atá á dhéanamh fós ag an Rúis, tá gá le cúnamh airgeadais breise a dheonú don Úcráin i gcomhréir leis na cuspóirí agus na módúlachtaí a ndéantar cur síos orthu faoin togra seo.

Meastar go bhfuil an tacaíocht airgeadais atá beartaithe don Úcráin leordhóthanach ó thaobh méide de le haghaidh 2026 agus 2027, bunaithe ar na riachtanais chistiúcháin ardaithe agus ar na meastacháin is fearr ar riachtanais chosanta na hÚcráine arna gcur isteach ag na húdarais, agus an éiginnteacht mhór a bhaineann le himthosca an chogaidh á cur san áireamh ag an am céanna. Ní théann an tacaíocht sin thar a bhfuil riachtanach chun na críche atá á lorg chun tacaíocht struchtúrtha a chur ar fáil don Úcráin agus don mhaoiniú a bhaineann léi.

Tá an togra comhréireach le scála agus tromchúis na n-easnamh a sainaitheandh, lena n-áirítear an gá atá le tacaíocht bhuiséadach a chur ar fáil don Úcráin, agus an gá atá le hinfheistíochtaí poiblí práinneacha móra a dhéanamh chun tacú le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta na hÚcráine agus lena chomhtháthú i mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Urramaítear leis an togra teorainneacha idirghabháil an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na Conarthaí.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ionstraim iomchuí toisc go bhforáiltear leis rialacha atá infheidhme go díreach maidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chur chun feidhme.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tagann an togra seo sna sala ar shraith oibríochtaí tacaíochta macrairgeadais a cuireadh ar fáil don Úcráin ó 2015 i leith. Léiríodh le meastóireachtaí *ex post* a rinneadh ar oibríochtaí cúnamh macrairgeadais roimhe seo don Úcráin go raibh siad an-ábhartha i gcoitinne i dtéarmaí a gcuspóirí, a n-imchlúdach airgeadais agus a gcoinníollacha beartais. Tharla go raibh na hoibríochtaí cúnamh macrairgeadais rithabhachtach go háirithe mar thacaíocht don Úcráin chun aghaidh a thabhairt ar a fadhbanna maidir le comhardú na n-íocaíochtaí agus athchóirithe struchtúracha tábhachtacha a chur chun feidhme chun an geilleagar a chobhsú

agus chun inbhuanaitheacht a seasaimh sheachtraigh a fheabhsú. Cheadaigh siad coigilteas fioscach agus sochair airgeadais agus spreagadh tacaíocht airgeadais bhreise agus muinín infheisteoirí mar thoradh orthu. An choinníollacht a bhí ag gabháil leis na hoibríochtaí cúnaimh macrairgeadais, fuarthas go raibh sí comhlántach le cláir ghaolmhara CAI. Cruthaíodh léi éifeacht atreisitheach pholaitiúil a chuidigh le húdaráis na hÚcráine a shlógadh maidir le hathchóirithe bunriachtanacha, go háirithe i réimsí beartais struchtúracha nach gcumhdaítear an oiread sin le cláir idirnáisiúnta deontóirí eile.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tagann an togra sna sála ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 Nollaig 2025 inar chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach iasacht EUR 90 billiún a chur ar fáil don Úcráin do na blianta 2026-2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil le tacaíocht ó lamháil bhuiséad an Aontais. Agus an togra sin á ullmhú, chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle le hinstiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus le deontóirí déthaobhacha (lena n-áirítear na Ballstáit agus comhaltaí G7) agus iltaobhacha eile. Bíonn an Coimisiún i dteagmháil go tráthrialta freisin le húdaráis na hÚcráine.

Mar gheall ar a phráinní atá sé an togra a ullmhú lena ghlacadh go tráthúil ag na comhreachtóirí agus a stádas oibríochtúil a áirithiú faoi thús 2026, níorbh fhéidir comhairliúchán foirmiúil le páirtithe leasmhara a dhéanamh. Is é is aidhm don chur chuige sin aghaidh a thabhairt ar na héilimh chosanta agus bhuiséadacha atá ag teacht chun cinn agus ag dul in olcas mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise. Cuimsíonn na riachtanais sin iarrachtaí a bhaineann le téarnamh agus atógáil. Áiritheoidh an tAontas Eorpach cumarsáid agus infheictheacht leordhóthanach maidir leis na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme faoi raon feidhme na hIasachta Tacaíochta don Úcráin, laistigh den Úcráin, ar fud an Aontais, agus go hidirnáisiúnta araon.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuireann an togra le blianta fada de thaithí fhairsing ar chúnamh macrairgeadais agus le taithí ar thacaíocht gníomhaíochta seachtraí an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid don Úcráin ó bhí 2024 ann.

Bhunaigh an Coimisiún an togra seo ar anailís chúramach ar riachtanais chosanta agus ar staid mhaicreacnamaíoch níos leithne na hÚcráine, agus tógadh freisin ar ionchur ó instiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus instiúidí idirnáisiúnta inniúla eile. Áirítear leis sin plé ar bhonn rialta ar na réamh-mheastacháin is déanaí maidir le riachtanais chistiúcháin na hÚcráine laistigh d'fhórait idirnáisiúnta, amhail G7 agus CAI, chomh maith le teagmháil dhíreach leanúnach le húdaráis na hÚcráine.

- **Measúnú tionchair**

Mar gheall ar a phráinní atá an togra, atá ceaptha chun cúnamh práinneach a chur ar fáil do thír atá i mbun cogaidh, ní fhéadfaí aon mheasúnú tionchair a dhéanamh. Sa mheasúnú *ex-ante* ar riachtanais a bheartaítear a chumhdach leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, baintear leas *inter alia* as sonraí a fuarthas le déanaí ó CAI agus ó údaráis na hÚcráine. Leis an tacaíocht faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin ba cheart tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar an méid a baineadh amach le tionscnaimh thacaíochta le déanaí, amhail Tionscnamh na Mear-iasachtaí G7.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon nasc idir an togra seo agus oiriúnacht rialála agus simpliú.

- **Ceartha bunúsacha**

Réamhchoinníoll le tacaíocht a dheonú faoin Iasacht Tacaíocht don Úcráin is ea go leanfaidh an Úcráin de sheasamh le sásraí éifeachtacha daonlathacha agus lena hinstitiúidí agus d'urraim a léiriú orthu, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus d'urraim a ráthú maidir le ceartha an duine, lena n-áirítear ceartha daoine a bhaineann le mionlaigh. Mar chuid de chaomhnú agus urramú an smachta reachta, ba cheart an t-éilliú a chomhrac.

Is comhartha dearfach é an tiomantas don athchóiriú agus toil pholaitiúil láidir údaráis na hÚcráine, faoi mar a léiríodh go háirithe nuair a dheonaigh an Chomhairle Eorpach stádas mar iarrthóir don Úcráin i mí an Mheithimh 2022 agus leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2023 caibidlíochtaí aontachais a thionscnamh leis an Úcráin, agus nuair a cuireadh i gcrích go rathúil athnuachan na coinníollachta beartais struchtúraigh a ghabhann leis na hoibríochtaí cúnaimh macrairgeadais don Úcráin a rinneadh le déanaí mar aon le cur chun feidhme leanúnach Phlean na hÚcráine. An 14 Bealtaine 2025 ghlac an tír treochláir maidir leis an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, i measc nithe eile. Tugadh cruinnithe scagtha déthaobhacha chun críche i mí Mheán Fómhair 2025. Ó thosaigh fogha na Rúise, tá leibhéal suntasach athléimneachta léirithe ag údaráis na hÚcráine agus tá siad tiomanta fós do na hathchóirithe sin a shaothrú ar bhealach trédhearcach agus oibriú de réir chaighdeán an Aontais agus i gcomhréir le conair na tíre i dtreo comhpháirtíú Eorpach.

I bhfianaise an mhéid sin, meastar go gcomhlíontar an réamhchoinníoll le haghaidh na hIasachta Tacaíochta don Úcráin faoi láthair. Ag an am céanna, áiríteofar comhlíonadh leanúnach an réamhchoinníoll sin a thuilleadh le coinníollacha sonracha a bhaineann le measúnú an Choimisiúin ar Straitéisí na hÚcráine um Maoiniú a bheidh ann amach anseo agus roimh eisíocaíochtaí. Tá réamhchoinníoll comhchosúil le haghaidh tacaíochta infheidhme maidir le cur chun feidhme Phlean na hÚcráine.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh an Iasacht Tacaíochta don Úcráin i bhfoirm iasacht cúlraigh theoranta don Úcráin suas le EUR 90 billiún a bheidh le haisíoc trí chúiteamh atá dlite ag an Rúis. Beidh an iasacht bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil le tacaíocht ó lamháil bhuiséad an Aontais. Cumhdófar na costais seirbhísithe fiachais (costas an chistiúcháin agus costais a bhaineann le leachtacht a eisiúint agus a bhainistiú) a bhaineann le hiasachtaí a fháil agus na costais riaracháin gaolmhara le buiséad an Aontais freisin. Chun freastal ar na gnéithe sin, déanfar athbhreithniú ar an Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027.

Maoineofar na costais seirbhísithe fiachais le hionstraim speisialta nua, is é sin an Ionstraim Iasachta don Úcráin, de bhreis ar uasteorainneacha CAI, agus is féidir í a shlógadh ar an gcuspóir sin agus ar an gcuspóir sin amháin. Agus an Ionstraim Iasachta don Úcráin á slógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh, breithneofar infhaighteachtaí buiséadacha in ionstraimí speisialta eile, na rialacha earnála is infheidhme, aon oibleagáid dhlíthiúil nó aon oibleagáid eile lena n-áirítear faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, tosaíochtaí, buiséadú stuama agus bainistíocht fhónta airgeadais.

Maoineofar an iasacht sin faoi chomhar feabhsaithe, i gcomhréir le hAirteagal 332 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, rud a thugann le tuiscint gurb iad na Ballstáit rannpháirteacha a iompróidh an caiteachas a eascraíonn as sin, seachas costais riaracháin a thabhoíd na hinstitiúidí.

Cruthófar líne bhuiséid nua chun an caiteachas a bhaineann leis na costais seirbhísithe fiachais a eascraíonn as an gcomhar feabhsaithe a shainaithint go soiléir agus go trédhearcach. Maidir leis an mhodheolaíocht chun rannchuidithe na mBallstát rannpháirteach a ríomh, déantar í a shainmhíniú in Airteagal 11 den Rialachán maidir le cur ar fáil (Rialachán AE, Euratom Uimh. 609/2014). Ar an gcaoi chéanna, má ghlaoitear ar ráthaíocht bhuiséadach an Aontais, slógfáir na méideanna de bhreis ar uasteorainneacha caiteachais CAI agus iompróidh na Ballstáit rannpháirteacha na ranníocaíochtaí airgeadais, a ríomhfáir leis an modheolaíocht chéanna.

Tá sonraí maidir leis na himpleachtaí buiséadacha ar fáil sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Uasmhéid EUR 90 billiún a bheidh san Iasacht Tacaíochta don Úcráin, a chuirfear ar fáil i gcomhréir le riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine de réir fhorálacha an togra seo.

Go sonrach, chun an Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin a chur chun feidhme, tá an Úcráin le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ina soláthrófar sonraí maidir le riachtanais mhaoinithe agus foinsí maoinithe na hÚcráine i bprionsabal don 12 mhí atá le teacht. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú agus, i gcás measúnú dearfach, cuirfidh sé togra faoi bhráid na Comhairle chun a measúnú a fhorghéar trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme. Leagfar amach sa togra ón gCoimisiún an méid cúnaimh atá le cur ar fáil don Úcráin chun cabhrú le cur chun feidhme Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, lena n-áirítear méid an chúnaimh sin a bhfuil rochtain air le haghaidh (i) cúnamh tríd an tSaoráid don Úcráin agus (ii) cúnamh macrairgeadais agus (iii) cúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint.

Chun cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a fháil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin, cuirfidh an Úcráin iarraidh chuí-réasúnaithe ar chistí faoi bhráid an Choimisiúin, a fhéadfaidh an Úcráin a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i bprionsabal, sé huair sa bhliain.

Thairis sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear meastóireacht ar an gcur chun feidhme sin. Ina theannta sin, faoin 30 Meitheamh 2029, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil meastóireachta, ina ndéanfar measúnú ar thorthaí agus ar éifeachtúlacht na hIasachta Tacaíochta don Úcráin arna soláthar faoin Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin, agus ar a mhéid a rannchuidigh sé le haidhmeanna an chúnaimh a bhaint amach.

Ar deireadh, chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme an Rialacháin seo a phlé.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Baineann Caibidil I den Rialachán lena fhorálacha ginearálta.

Déantar foráil in Airteagal 1 maidir le hábhar an Rialacháin, is é sin bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin.

Sainítear in Airteagal 2 cuspóirí ginearálta agus sonracha na hIasachta Tacaíochta don Úcráin, is é sin cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a sholáthar don Úcráin ar bhealach intuartha leanúnach, trí thacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais agus le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint.

Le hAirteagal 3 déantar foráil maidir leis na sainmhínithe is infheidhme faoin Rialachán.

Leagtar amach in Airteagal 4 an cúnamh atá ar fáil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin.

Forordaítear le hAirteagal 5 na réamhchoinníollacha le haghaidh cúnaimh faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin.

Baineann Caibidil II den Rialachán le cur chun feidhme na hIasachta Tacaíochta don Úcráin.

Sonraítear in Airteagal 6 go gcuirfidh an Úcráin Straitéis na hÚcráine um Maoiniú faoi bhráid an Choimisiúin, ina dtabharfar sonraí maidir lena hinneachar, agus tagairt shonrach á déanamh do riachtanais agus d'acmhainní maoinithe na hÚcráine don 12 mhí amach romhainn.

Foráiltear le hAirteagal 7 go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, lena sainítear na critéir is gá a chomhlíonadh.

Déantar foráil in Airteagal 8 maidir le cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena gcuirfear an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch ar fáil.

Déantar foráil in Airteagal 9 maidir le dlúthchomhar idir an Coimisiún, an Úcráin, na Ballstáit, comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha agus deontóirí don Úcráin chun cur chuige comhleanúnach comhsheasmhach a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais cúnaimh airgeadais agus eacnamaíoch na hÚcráine.

Baineann Caibidil III den Rialachán leis an gCúnamh Macrairgeadais.

Déantar foráil le hAirteagal 10 do chuspóir an chúnaimh mhacrairgeadais, go sonracha le bearna mhaoinithe na hÚcráine a chumhdach mar a shainaithnítear i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a fuair measúnú dearfach.

Leagtar amach in Airteagal 11 go dtiocfaidh an Coimisiún ar chomhaontú leis an Úcráin maidir leis na coinníollacha beartais a bhfuil an tacaíocht le nascadh leo, coinníollacha a ndéanfar cur síos orthu i meabhrán tuisceana.

Baineann Caibidil IV den Rialachán le cúnamh chun tacú le hAcmhainneachtaí Tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gCosaint.

Déantar foráil in Airteagal 12 maidir leis an gcúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint, go háirithe chun infheistíochtaí poiblí práinneacha agus móra a dhéanamh chun tacú le tionscal cosanta na hÚcráine agus lena chomhtháthú i dtionscal cosanta na hEorpa.

Sainítear in Airteagal 13 na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh na ngníomhaíochtaí, an chaiteachais agus na mbeart chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint.

Le hAirteagal 14 ceanglaítear ar an Úcráin sceideal a chur ar fáil le haghaidh gach gníomhaíochta, caiteachais nó birt a bhaineann le táirge cosanta nó le táirge eile chun críoch cosanta a bhfuil sé beartaithe aici cúnamh a iarraidh ina leith.

Forordaítear le hAirteagal 15 bunú Ghrúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gCosaint.

Déantar foráil le hAirteagal 16 maidir le hoscailt cuntais speisialta chun an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a fhaigheann an Úcráin chun tacú hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint a bhainistiú agus chun na críche sin amháin.

Leagtar amach in Airteagal 17 na ceanglais faireacháin maidir leis an gcúnamh a sholáthraítear chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint.

Sainítear in Airteagal 18 na coinníollacha maidir le creat-chomhaontú nó conradh atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta a mhodhnú.

Le hAirteagal 19 ceadaítear do na Ballstáit, chun críche an Rialacháin agus chun na críche sin amháin, a iarraidh ar oibreoir eacnamaíoch ar a chríoch tosaíocht a thabhairt d'ord áirithe táirgí cosanta.

Baineann Caibidil V den Rialachán le maoiniú agus cur chun feidhme na hIasachta Tacaíochta don Úcráin.

Sonraítear in Airteagal 20 go leagfar síos téarmaí mionsonraithe airgeadais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin sa Chomhaontú maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin agus leagtar amach ann ceanglais éigeantacha áirithe.

Leagtar amach in Airteagal 21, chun go bhfaighidh an Úcráin cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch, go gcuirfidh sí iarraidh chuí-réasúnaithe ar chistí faoi bhráid an Choimisiúin.

Foráiltear le hAirteagal 22 fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta ar an Iasacht Tacaíochta don Úcráin.

Forordaítear le hAirteagal 23 na ceanglais ar an gCoimisiún maidir le cinneadh a dhéanamh tráthchuid a scaoileadh faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin.

Le hAirteagal 24 tugtar de chumhacht don Choimisiún na cistí is gá a fháil ar iasacht, thar ceann an Aontais, chun an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a mhaoiniú.

Leagtar amach in Airteagal 25 na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair.

Baineann Caibidil VI le forálacha críochnaitheacha.

Le hAirteagal 26 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, faoi réir coinníollacha.

Le hAirteagal 27 rialaítear an rialachas trí nósanna imeachta coiste.

Déantar foráil in Airteagal 28 maidir le hidirphlé i dtaca leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, lena bhforáiltear maidir le feabhas a chur ar an gcumarsáid idir institiúidí an Aontais, go háirithe Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún.

Forordaítear le hAirteagal 29 go gcuirfear faisnéis chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Le hAirteagal 30 rialaítear an teacht i bhfeidhm.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hÍasachta
Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 CFAE de,

Ag féachaint do Chinneadh [XX] ón gComhairle an [dáta] lena n-údaráítear comhar feabhsaithe maidir le bunú Íasachta don Úcráin, agus go háirithe Airteagal 1 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibríocht mhíleata san Úcráin, agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le fogha míleata gan chúis gan údar faoin Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine é an cogadh foghach neamhdhleathach sin, agus is sárú é chomh maith ar an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, ar riail dhomhaolaithe den dlí idirnáisiúnta, agus de phrionsabail eile Chairt na Náisiún Aontaithe é.
- (2) Ó cuireadh tús leis an gcogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, cogadh atá gan chúis, gan údar, tá tacaíocht nach raibh a leithéid tugtha riamh roimhe d'athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta, airgeadais agus cosanta na hÚcráine slógtha ag an Aontas, a Bhallstáit agus institiúidí airgeadais Eorpacha. Comhcheanglaítear leis an tacaíocht sin tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear cúnamh eisceachtúil macrairgeadais agus tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, arna ráthú go hiomlán nó go páirteach le buiséad an Aontais, chomh maith le tacaíocht airgeadais bhreise ó na Ballstáit.
- (3) Le Cinneadh (AE) 2022/313 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, Cinneadh (AE) 2022/1201 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰, Cinneadh (AE) 2022/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹ agus Rialachán (AE)

⁹ Cinneadh (AE) 2022/313 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais don Úcráin (IO L 55, 28.2.2022, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2022/313/oj>).

¹⁰ Cinneadh (AE) 2022/1201 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L 186, 13.7.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1201/oj>).

¹¹ Cinneadh (AE) 2022/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2022 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, lena ndaingnítear an ciste don soláthar

2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², cuireadh EUR 25.2 billiún de chúnamh macrairgeadais ar fáil don Úcráin i dteannta a chéile le linn 2022 agus 2023. Ba ghné thábhachtach í an tacaíocht sin d'athléimneacht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais na hÚcráine tráth a bhí sí ag teastáil go mór.

- (4) An 29 Feabhra 2024, le Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³, bunaíodh an tSaoráid don Úcráin mar ionstraim mheántéarmach eisceachtúil lena dtugtar le chéile an tacaíocht dhéthaobhach a chuir an tAontas ar fáil don Úcráin, rud lena n-áirítear comhordú agus éifeachtúlacht ('an tSaoráid don Úcráin'). Le linn na tréimhse 2024 go 2027, cuideoidh an tSaoráid don Úcráin le haghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine agus rannchuideoidh sí lena riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóiriúcháin, agus, an tráth céanna, tacóidh sí le hiarracht athchóirithe na hÚcráine mar chuid dá conair i dtreo aontachas leis an Aontas.
- (5) An 24 Deireadh Fómhair 2024 le Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ bunaíodh an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus soláthraíodh cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin. Ba í an cúnamh sin ranníocaíocht an Aontais mar chuid de thionscnamh G7 'Iasachtaí lena nGéaraítear an tIoncam Urghnách don Úcráin', a chuidigh i dteannta a chéile chun aghaidh a thabhairt ar bhearna mhaoiniúcháin na hÚcráine do 2025.
- (6) Tá damáiste ollmhór déanta ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin san Úcráin féin, agus is é EUR 506 billiún na costais téarnaimh agus atógála a mheastar a tabhaíodh go dtí an 31 Nollaig 2024. Thairis sin, chaill an Úcráin rochtain ar mhargáí airgeadais idirnáisiúnta agus tháinig laghdú mór ar ioncam poiblí, agus an tráth céanna, tá méadú mór tagtha ar chaiteachas poiblí. I bhfianaise an mhéid sin, meastar go mbeidh riachtanais chistiúcháin shubstainteacha ann sna blianta atá amach romhainn.
- (7) An 9 Meán Fómhair 2025 chuir an Úcráin iarraidh oifigiúil isteach chuig an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) ar chlár nua chun riachtanais mhaoiniúcháin bhreise a chumhdach ó 2026 go 2029. Thiocfadh an clár sin i gcomharbas ar chur chun feidhme rathúil chlár CAI atá ann cheana, clár ina bhfuil ocht n-athbhreithniú curtha i gcrích ag an Úcráin, ach ina gcuirtear san áireamh gur leanadh de chogadh foghach na Rúise. Tá cumas CAI dul ar aghaidh leis an gclár seo ag brath ar dhearbhuíthe leordhóthanacha maoiniúcháin a fháil ó chomhpháirtithe, lena n-áirítear an tAontas.
- (8) D'ainneoin na n-iarreachtaí leanúnacha idirnáisiúnta ar theacht ar réiteach síochánta ar an gcoinbhleacht, tá damáiste suntasach déanta do bhonneagar criticiúil cosanta, sibhialtach agus fuinnimh na hÚcráine mar thoradh ar fhadú chogadh foghach na

coiteann le ráthaíochtaí ó Bhallstáit agus le soláthar sonrach le haghaidh roinnt dliteanas airgeadais a bhaineann leis an Úcráin arna ráthú faoi Chinneadh Uimh. 466/2014/AE, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1201 (IO L 245, 22.9.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1628/oj>).

¹² Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) (IO L 322, 16.12.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2463/oj>).

¹³ Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj>).

¹⁴ Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L, 2024/2773, 28.10.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2773/oj>).

Rúise, rud a fhágann gur gá acmhainní substaintiúla breise a shlógadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoiniúcháin láithreacha na tíre.

- (9) Is bagairt straitéiseach gheopholaitiúil ar an Aontas trí chéile é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ní mór do na Ballstáit an fód a sheasamh go láidir in éineacht le chéile dá bharr. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, tacaíocht ón Aontas a imscaradh go tapa agus an tacaíocht sin a bheith inoiriúnaithe solúbtha d'fhóirithint láithreach agus d'athshlánú gearrthéarmach ar an mbealach chun atógáil amach anseo a bhaint amach.
- (10) I gcomhréir leis na hAirteagail maidir le Freagracht na Stát as Gníomhartha Éagóracha ar Leibhéal Idirnáisiúnta agus leis an ngnáthdhlí idirnáisiúnta, tá oibleagáid ar an Rúis – ós í an stát í atá freagrach astu – cúiteamh iomlán a dhéanamh as an díobháil a rinneadh mar gheall ar a cogadh foghach ar an Úcráin.
- (11) Le Cinneadh (CBES) 2022/335) an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine¹⁵ agus Rialachán (AE) 2022/334 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle¹⁶ cuirtear toirmeasc ar idirbhearta a bhaineann le bainistiú cúlchistí agus sócmhainní de chuid Bhanc Ceannais na Rúise, lena n-áirítear idirbhearta le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Rúise, nó faoina stiúir. Sna conclúidí uaithi an 27 Meitheamh 2024, an 17 Deireadh Fómhair 2024 agus an 19 Nollaig 2024, dúirt an Chomhairle Eorpach freisin, faoi réir dhlí an Aontais, gur cheart sócmhainní na Rúise leanúint de bheith blocáilte go dtí go gcuirfeadh an Rúis deireadh lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus go gcuíteodh sí an Úcráin as an damáiste a rinne an cogadh sin.
- (12) De bhreis air sin, toirmisctear le Rialachán (AE) 2025/2600 ón gComhairle¹⁷ aistriú sócmhainní nó cúlchistí de chuid Bhanc Ceannais na Rúise ar bhonn sealadach go dtí go scoirfidh an Rúis dá cogadh foghach ar an Úcráin; go mbeidh cúiteamh tugtha ag an Rúis don Úcráin a mhéid is gá chun gur féidir atógáil a dhéanamh gan iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais don Aontas; go scoirfidh gníomhaíochtaí na Rúise i gcomhthéacs a cogaidh fhoghaigh ar an Úcráin de riosca tromchúiseach a chruthú go mbeidh deacrachtaí diana ann do gheilleagar an Aontais agus a Bhallstát.
- (13) An 18 Nollaig 2025, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach iasacht EUR 90 billiún a chur ar fáil don Úcráin le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 ar bhonn iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil le tacaíocht ó lamháil bhuiséad an Aontais. Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach freisin gurbh amhlaidh, de barr comhar

¹⁵ Cinneadh (CBES) 2022/335 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 57, 28.2.2022, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2022/335/oj>).

¹⁶ Rialachán (AE) 2022/334 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 57, 28.2.2022, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/334/oj>).

¹⁷ Rialachán (AE) 2025/2600 ón gComhairle an 12 Nollaig 2025 maidir le bearta éigeandála lena dtugtar aghaidh ar na deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha arb iad gníomhaíochtaí na Rúise i gcomhthéacs an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin is cúis leo (IO L, 2025/2600, 13.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2600/oj>).

feabhsaithe i gcomhréir le hAirteagal 20 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, nach mbeadh aon tionchar ag slógadh acmhainní as buiséad an Aontais mar ráthaíocht le haghaidh na hiasachta sin ar oibleagáidí airgeadais Phoblacht na Seice, na hUngáire ná na Slóvaice. Ar an dáta céanna, chomhaontaigh 25 Bhallstát nár cheart an Úcráin an iasacht sin a aisíoc go dtí go bhfaigheadh sí an cúiteamh. Go dtí sin, ba cheart gan sócmhainní Bhanc Ceannais na Rúise a shlógadh agus ba cheart don Aontas a cheart úsáid a bhaint astu chun an iasacht a aisíoc a fhorchoimeád, iomlán i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Leag na Ballstáit sin béim ar a thábhachtaí atá na gnéithe seo a leanas i ndáil leis an iasacht: (a) tionscal cosanta an Aontais agus na hÚcráine a neartú; (b) an Úcráin a bheith ag leanúint den smacht reachta, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh an éillithe, a chaomhnú; agus (c) cineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

- (14) An [DATE], ghlac an Chomhairle Cinneadh [XX] lena n-údaraítear comhar feabhsaithe idir an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn maidir le bunú Iasachta don Úcráin.
- (15) I bhfianaise staid mhaoiniúcháin na hÚcráine, a chriticiúla atá sé go mbeadh na hacmhainní ag an Úcráin chun fogha na Rúise a chomhrac agus, i gcás inar féidir, chun í a atógáil, is iomchuí go gcuirfidh an tAontas tacaíocht bhreise ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais phráinneacha mhaoiniúcháin na hÚcráine agus chun cur chun feidhme chlár CAI a éascú. Chuige sin, is iomchuí ionstraim a bhunú chun cúnamh ón Aontas a sholáthar don Úcráin in 2026 agus 2027 i bhfoirm iasachta atá le haisíoc trí chúiteamh atá dlite ón Rúis (an ‘Iasacht Tacaíochta don Úcráin’).
- (16) Leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin ba cheart cúnamh airgeadais a sholáthar don Úcráin ar bhealach intuatha, leanúnach, ordúil, solúbtha agus tráthúil d’fhonn tacú leis an Úcráin a riachtanais mhaoiniúcháin agus chosanta a chumhdach, go háirithe na riachtanais sin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise. Go sonrach, ba cheart don Iasacht Tacaíochta don Úcráin tacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais san Úcráin agus a maoiniú seachtrach a éascú agus tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine trí chomhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le Buntáiste Míleata Cáilíochtúil a sholáthar don Úcráin.
- (17) Leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, faoi réir coinníollacha, ba cheart go soláthrófar tacaíocht don Úcráin i bhfoirm iasachta suas le EUR 90 000 000 000. I bhfianaise phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, ba cheart don Choimisiún an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chur ar fáil i dtráthchodanna, a fhéadfar a eisíoc i dtráinse amháin nó níos mó.
- (18) Ba cheart an tacaíocht faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chur ar fáil faoin réamhchoinníoll go leanfadh an Úcráin de shásraí agus institiúidí éifeachtacha daonlathacha a chaomhnú agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus urraim do chearta an duine a ráthú, lena n-áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Mar chuid de chaomhnú agus urramú an smachta reachta, ba cheart an t-éilliú a chomhrac.
- (19) Ba cheart an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch atá ar fáil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chur ar fáil don Úcráin i gcomhréir lena riachtanais mhaoiniúcháin. Chuige sin, ba cheart don Úcráin Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a thíolacadh maidir lena riachtanais mhaoiniúcháin agus lena foinsí maoiniúcháin. Ba cheart an

phríomhfhaisnéis maidir le buiséad, staid airgeadais agus eacnamaíoch na hÚcráine a bheith i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, chomh maith leis an tacaíocht atá á fáil ag an Úcráin ón gcomhphobal idirnáisiúnta.

- (20) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú gan moill mhíchúí agus ba cheart dó gníomhú i ndlúthchomhar leis an Úcráin. I bhfianaise scála mór riachtanais na hÚcráine maidir le cúnamh buiséadach agus cúnamh le haghaidh acmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta araon, chomh maith leis na srianta atá ar roinnt comhpháirtithe seachtracha ó thaobh tacaíocht a sholáthar, is iomchuí dáileadh tascach na hÍasachta Tacaíochta don Úcráin idir an dá riachtanas maoiniúcháin sin a leagan síos. Agus áirithiú á dhéanamh go ndéanfar freastal iomlán ar riachtanais airgeadais na hÚcráine le haghaidh 2026 arna ríomhadh ag CAI, ba cheart an dáileadh sin a bheith tascach chun a chur san áireamh go bhfuil imthosca ag athrú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine agus chun a áirithiú go leanfar d'aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin ar bhealach intuatha, leanúnach, ordúil, solúbtha agus tráthúil. Ina mheasúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na bearna maoiniúcháin sheachtraigh a bhfuil coinne léi leis an dáileadh tascach sin.
- (21) I bhfianaise a thábhachtaí atá éifeachtaí airgeadais na mbeart a fhorchuirtear, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle agus ba cheart di gníomhú ar bhonn togra ón gCoimisiún. Ba cheart don Chomhairle an measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a fhormheas trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme, ar cheart di féachaint lena ghlacadh gan moill mhíchúí tar éis ghlacadh an togra. Leis an gcinneadh cur chun feidhme sin, ba cheart an méid cúnaimh a bheidh le cur ar fáil don Úcráin chun cuidiú ó thaobh chur chun feidhme Straitéis na hÚcráine um Maoiniú de a chinneadh, lena n-áirítear an méid le haghaidh cúnamh buiséadach agus an méid chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine.
- (22) Ba cheart cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch i bhfoirm cúnaimh bhuiséadaigh a chur ar fáil d'fhonn tacú leis an Úcráin a riachtanais mhaoiniúcháin a chumhdach. Tá an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch faoin Rialachán seo ina ionchur tábhachtach i dtéarnamh eacnamaíoch iarchogaidh na hÚcráine, a fás fadtéarmach agus a rathúnas a mbeidh ról tábhachtach acu uile i comhaontú síochána a dhéanfar amach anseo. Chun solúbthacht a áirithiú agus aghaidh á tabhairt ar na riachtanais sin, is iomchuí modhanna iomadúla seachadta a úsáid, agus ba cheart an deis a bheith ann tacaíocht a sholáthar trí chúnamh macrairgeadais agus trí íasacht atá le cur chun feidhme de bhun Chaibidil III den tSaoráid don Úcráin.
- (23) Déantar foráil i gCaibidil III den tSaoráid don Úcráin maidir le maoiniú don Úcráin a chuirfear ar fáil nuair a chomhlíonfar go sásúil na coinníollacha a leagtar síos i bPlean na hÚcráine, ina leagtar amach clár oibre athchóirithe agus infheistíochta na hÚcráine. Mar ionstraim mheántéarmach a bhfuil sé ina chuspóir aici tacú le téarnamh agus atógáil na hÚcráine, lena comhtháthú de réir a chéile sa mhargadh inmheánach, chomh maith le, *inter alia*, glacadh agus cur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlíthiúla, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha is gá chun í a ailíniú le luachanna an Aontais agus chun í a ailíniú de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais (*'acquis'*) d'fhonn ballraíocht a bheith aici amach anseo san Aontas, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an gcobhsaíocht, slándáil, síocháin, rathúnas agus inbhuanaitheacht fhrithpháirteach, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le méideanna a eascraíonn as an Íasacht Tacaíochta don Úcráin a úsáid tríd an tSaoráid don Úcráin. Ba cheart an Plean don Úcráin a thabhairt cothrom

le dáta chun an cúnamh buiséadach breise sin a léiriú, lena n-áirítear bearta chun an smacht reachta agus an comhrac in aghaidh an éillithe a neartú.

- (24) Ba cheart cúnamh macrairgeadais a nascadh le coinníollacha beartais atá le leagan amach sa Mheabhrán Tuisceana. Ba cheart gealltanais láidre uaillmhianacha athchóiriúcháin ón Úcráin a áireamh sa Mheabhrán Tuisceana, lena n-áirítear na gealltanais go neartófaí slógadh ioncaim chun tacú le riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine agus dul i ngleic le bunchúiseanna an éillithe san cistí poiblí, lena n-áirítear trí inbhuanaitheacht agus cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú agus trí chur le héifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras um bainistiú airgeadais phoiblí. Féadfaidh an Úcráin an cúnamh macrairgeadais sin a úsáid chun cuidiú ó thaobh cúiteamh a mhaoiniú, mar chineál leorghnímh, do na daoine aonair sin a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha na Rúise, lena n-áirítear tríd an gCoimisiún Éileamh don Úcráin a bunaíodh faoi choimirce Chomhairle na hEorpa. Ba cheart líon uasta agus luach tascach na dtráthchodanna le haghaidh an chúnamh macrairgeadais a shocrú leis an gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena bhformheasfar an measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú. I bhfianaise phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais agus chun bainistiú leachtachta údarais na hÚcráine a éascú agus intuarthacht a áirithiú, ba cheart, i bprionsabal, ceithre thráthchuid den chúnamh macrairgeadais sin a thabhairt ar a mhéad.
- (25) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus ar chúiseanna a bhaineann leis an éifeachtúlacht, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún coinníollacha le haghaidh an chúnamh macrairgeadais a chaibidlíú le húdarais na hÚcráine faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát Rannpháirteach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸. I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a d'fhéadfadh a bheith ag an gcúnamh, is iomchuí an nós imeachta scrúdúcháin mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a úsáid. I bhfianaise mhéid na hIasachta Tacaíochta don Úcráin, ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta scrúdúcháin maidir le glacadh an Mheabhráin Tuisceana, agus maidir le haon chás ina ndéanfaí an Iasacht Tacaíochta a laghdú nó a chur ar ceal.
- (26) Leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, ba cheart cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a chur ar fáil don Úcráin mar thír atá i mbun cogaidh, a bhfuil dlúthnasc idir a cobhsaíocht airgeadais agus a cumas í féin a chosaint ar an bhfogha agus a mbraitheann a cobhsaíocht airgeadais ar an gcumas sin. Tugann an méid sin údar le méid sonrach den chúnamh airgeadais agus eacnamaíoch don Úcráin a úsáid chun cur le cumas na hÚcráine déileáil le riachtanais bhuiséadacha i ndáil le hacmhainneacht na tíre a cumais chosanta agus mhíleata a neartú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le buntáiste míleata cáilíochtúil a thabhairt don Úcráin. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcúnamh airgeadais agus eacnamaíoch sin a chur ar a cumas don Úcráin mór-infheistíochtaí poiblí práinneacha a dhéanamh chun tacú le tionscal cosanta na hÚcráine agus lena comhtháthú i dtionscal cosanta na hEorpa mar fhreagairt ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus ina diaidh. Leis an gcúnamh sin, ba cheart rannchuidiú, go háirithe, le hatógáil, téarnamh agus nuachóiriú Bonn Teicneolaíoch

¹⁸ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

agus Tionsclaíoch Cosanta na hÚcráine, d'fhonn a hullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a mhéadú, agus a imeascadh i mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí amach anseo á chur san áireamh agus trí thacaíocht a thabhairt d'infhaighteacht thráthúil táirgí cosanta agus táirgí eile chun críoch cosanta, trí chomhar idir an tAontas agus an Úcráin.

- (27) Ba cheart cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí, caiteachais agus bearta a bhaineann le táirgí cosanta nó táirgí eile chun críoch cosanta a chomhlíonann critéir incháilitheachta áirithe. Chun bonn tionsclaíoch chosaint na hÚcráine a threisiú go práinneach ar bhealach éifeachtúil uathrialach, ba cheart na critéir incháilitheachta sin a struchtúrú ar bhealach lena ndíreofar na gníomhaíochtaí, na caiteachais agus na bearta chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine i dtreo Bonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta na hÚcráine a atógáil, a théarnamh agus a nuachóiriú, agus a chomhtháthú de réir a chéile i mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí á chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, agus scrúdú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil monaróirí faoi rialú tríú tíortha nó eintiteas tríú tír, ba cheart rialú a thuiscint mar an cumas tionchar cinntitheach a imirt ar eintiteas dlítheanach, go díreach nó go hindíreach, trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó.
- (28) Chun go mbeidh an Úcráin in ann an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a úsáid ar an mbealach is oiriúnaí do na himthosca, is iomchuí cead a thabhairt di na cistí a úsáid chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine trí mhodhanna cur chun feidhme éagsúla a léiríonn éagsúlacht na riachtanas. Leis na cistí, féadfar rannchuidiú freisin leis an Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin faoi Rialachán (AE) [an Rialachán maidir leis an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach], leis an gCreat Infheistíochta don Úcráin a bunaíodh leis an tSaoráid don Úcráin le haghaidh earraí dé-úsáide nó le cláir eile de chuid an Aontais. Thairis sin, ba cheart é a chur ar chumas na hÚcráine leis na cistí idirghabháil ollmhór a dhéanamh maidir leis an éileamh ar tháirgí cosanta chun na dálaí oiriúnacha a chruthú d'fhonn infheistíochtaí ollmhóra a dhreasú chun borradh a chur faoin acmhainneacht táirgeachta agus chun táirgí nua a fhorbairt. Chun na críche sin, ba cheart cead a bheith ag an Úcráin na cistí a úsáid chun soláthairtí ollmhóra táirgí cosanta a sheoladh, ar táirgí iad a dhéantar as Bonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch Cosanta na hÚcráine agus as Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí trí sholáthairtí faoi Ionstraim SAFE a leagtar amach le Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle¹⁹ nó, faoi réir bailíochtuithe, faoi mhódúlachtaí eile.
- (29) I gcás táirgí áirithe a bhaineann le cosaint nach bhfuil a mbunteicneolaíochtaí ar fáil go forleathan san Aontas, agus a bhféadfadh sé a bheith deacair táirgí eile a chur ina n-ionad ar mórscála, amhail córais cosanta aeir agus frithdhiúracán agus cumasóirí straitéiseacha; ba cheart coinníollacha breise a bheith ina gceanglais chun saoirse fhórsaí armtha na mBallstát a áirithiú maidir leis na táirgí sin gan srianta arna bhforchur ag tríú tíortha. Dá bhrí sin, i gcás na dtáirgí cosanta sin, ba cheart é a bheith de chumas ag an monaróir cinneadh a dhéanamh, gan aon srian arna fhorchur ag tríú tíortha ná ag eintitis tríú tír, maidir le sainmhíniú, oiriúnú nó éabhlóid dheardh na

¹⁹ Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpach (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj>).

dtáirgí cosanta arna soláthar, lena n-áirítear an t-údarás dlíthiúil comhpháirteanna atá faoi réir srianta arna bhforchur ag tríú tíortha nó ag eintitis tríú tír a ionadú nó a bhaint.

- (30) Chun cur chun feidhme rianúil an Rialacháin seo i gcomhar le hIonstraim SAFE a áirithiú, is iomchuí coinníollacha incháilitheachta comhchosúla a chur i bhfeidhm. Tacaíonn ionstraim SAFE le soláthar táirgí cosanta mar a shainaithnítear i rialachán SAFE. Chomhaontaigh an Chomhairle liosta na dtáirgí atá mar chuid de Chatagóir 1 agus de Chatagóir 2, agus tá sé cruthaithe go bhfuil sé cuimsitheach go leor chun tacaíocht a cheadú le haghaidh soláthar táirgí a theastaíonn ó na Ballstáit, lena n-áirítear aerardáin. I bhfianaise go bhfuil an staid ar an láthair chatha ag síorathrú, tá sé rithabhachtach nach gcuirfear srian ar an Úcráin an cúnamh atá de dhíth uirthi a fháil toisc gurb ann do liosta táirgí ar féidir tacú leo. Agus é á chur san áireamh gur tír atá i mbun cogaidh í an Úcráin a bhféadfadh a cumas a críoch a chosaint a bheith ag brath ar tháirge ar leith a bheith ar fáil sa ghearrthéarma, ba cheart cead a bheith ag an Úcráin táirgí a fháil nach gcomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta sin i gcás ina bhfuil géarghá le táirge agus i gcás nach bhfuil aon táirge malartach ar fáil trí sholáthar. Chuige sin, ba cheart don Úcráin an fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta di a chur ar fáil don Choimisiún chun a léiriú go bhfuil gá le maolú, a fhad agus atá an cogadh ar siúl, agus nuair atá riachtanais na hÚcráine chomh práinneach sin, níor cheart taighde forleathan margaidh a bheith de dhíth uirthi. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus ar chúiseanna éifeachtúlachta, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na hiarrataí sin ar mhaoluithe a scrúdú faoi mhaoirseacht choiste ionadaithe na mBallstát Rannpháirteach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a d'fhéadfadh a bheith ag an gcúnamh, is iomchuí an nós imeachta scrúdúcháin mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a úsáid. De dheasca na staid eisceachtúla arb é cogadh foghach na Rúise is cúis léi agus an ghá atá le táirgí cosanta a bheith ar fáil go tráthúil, is iomchuí an cas a bhfuil údar cuí leis dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a agairt chun tuairim ón gcoiste a cheadú laistigh de theorainn ama a fhéadfaidh cathaoirleach an choiste a leagan síos de réir phráinn an ábhair. I gcás inar gá, ba cheart an nós imeachta i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 3(5) den Rialachán sin a úsáid.
- (31) Chun cur chun feidhme rianúil an Rialacháin i gcomhar le hIonstraim SAFE a áirithiú a thuilleadh, is iomchuí an fhéidearthacht a bheith ann coinníollacha incháilitheachta a leathnú chun monaróirí laistigh de thríú tíortha a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích acu leis an Aontas a chumhdach i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán 2025/1106 ón gComhairle.
- (32) Tá an Rialachán seo gan dochar don dlí idirnáisiúnta is infheidhme lena dtoirmiscear táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta áirithe a úsáid, a fhorbairt nó a tháirgeadh.
- (33) Ba cheart cur chun feidhme an chúinimh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais lena n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 223(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰. D'fhéadfaí ceanglais mhionsonraithe ina leith sin a dhéanamh i gcomhshocrú atá le síniú idir an Coimisiún agus an Úcráin. Thairis sin,

²⁰ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

chun an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a fhaightear chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine a bhainistiú, ba cheart don Úcráin cuntas aonair a oscailt trínar féidir an cúnamh a bhainistiú, agus ba cheart don Choimisiún a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar an gcuntas sin.

- (34) Chun tacú le cur chun feidhme an chúnaimh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine, ba cheart don Choimisiún an Grúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gCosaint a bhunú. Ba cheart don Ghrúpa Saineolaithe sin comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le hábhair a bhaineann leis an gcúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine.
- (35) Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chúnaimh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine, lena n-áirítear seachadadh táirgí go háirithe. Chuige sin, ba cheart socruithe éagsúla faireacháin a bhunú chun na modhanna éagsúla cur chun feidhme a léiriú.
- (36) Baineann Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹, i measc nithe eile, le creat reachtach iomchuí a bhunú maidir le comhordú nósanna imeachta soláthair chun conarthaí a dhámhachtain ar mhaithe le ceanglais slándála na mBallstát agus na hoibleagáidí a eascraíonn as CFAE a chomhlíonadh. Chun an aidhm sin a bhaint amach, freastalaíonn Treoir 2009/81/CE go háirithe ar aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna, go sonrach trí fhorálacha sonracha a sholáthar a bhfuil feidhm leo i gcásanna práinne de dheasca géarchéime, amhail na tréimhsí chun tairiscintí a fháil a ghiorrú agus an fhéidearthacht úsáid a bhaint as an nós imeachta idirbheartaíochta gan iarratas ar thairiscintí a fhoilsiú roimh ré. Mar sin féin, i gcásanna áirithe práinne, d'fhéadfadh sé nach leor na rialacha sin, go háirithe i gcás nach féidir aghaidh a thabhairt ar an bpráinn a eascraíonn as an ngéarchéim ach amháin tríd an Úcráin agus Ballstát Rannpháirteach amháin ar a laghad a bheith rannpháirteach i soláthar comhoibríoch. I gcásanna áirithe, is minic gurb é an t-aon réiteach atá ann chun leasanna slándála na mBallstát sin a áirithiú, creat-chomhaontú nó conradh de chuid Ballstáit Rannpháirtigh atá ann cheana a oscailt d'údaráis chonarthacha na hÚcráine nach raibh ina bpáirtithe ann ar dtús, cé nár foráladh maidir leis an bhféidearthacht sin sa chreat-chomhaontú nó sa chonradh bunaidh. Ós rud é nach bhforáiltear maidir leis na féidearthachtaí sin i dTreoir 2009/81/CE tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déantar foráil leis Rialachán seo maidir leis an bhféidearthacht forálacha na Treorach sin a chomhlánú nó maolú orthu sa ghéarchéim atá ann faoi láthair a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise, ar choinníoll go bhfaighfear comhaontú an ghnóthais a thug an creat-chomhaontú i gcrích. A mhéid a bhaineann le cainníochtaí breise don Úcráin, ba cheart na coinníollacha céanna a bheith ag na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha sin agus atá ag an údarás conarthach bunaidh nó ag an eintiteas conarthach bunaidh a thug an creat-chomhaontú bunaidh i gcrích. Ina theannta sin, ba cheart bearta iomchuí trédhearcachta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear na páirtithe leasmhara uile ar an eolas.
- (37) Le Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle, déantar foráil maidir le cúnamh airgeadais do na Ballstáit, rud a chuireann ar a gcumas dóibh mórinfheistíochtaí poiblí

²¹ Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj>).

práinneacha a dhéanamh chun tacú le tionscal cosanta na hEorpa mar fhreagairt ar an ngéarchéim a d'eascair as an meath mór ar chomhthéacs slándála an Aontais. Leis an ionstraim sin, thosaigh an tAontas ag tacú leis na Ballstáit ionas gur féidir leo orduithe a dhéanamh go tapa, rud a dhreasaigh earnáil thionsclaíoch na cosanta chun infheistíocht a dhéanamh, sa ghearrthéarma, i neartú na n-acmhainneachtaí táirgeachta chun go mbeidh sí in ann freastal ar riachtanais na mBallstát faoi 2030. Ina theannta sin, tacaíonn an Rialachán seo le horduithe ón Úcráin a chur le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí chun tacú leis an gcomhar idir Bonn Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí agus Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta na hÚcráine. Tá gar-riosca ann go mbeidh tionchar diúltach tromchúiseach ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh mar gheall ar éileamh thar a bheith ard ar raon leathan táirgí cosanta. Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin agus i bhfianaise chuspóirí an Rialacháin seo, agus staid shonrach na hÚcráine á cur san áireamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh bearta tosaíochta ar leibhéal an Aontais, arb é is aidhm dóibh infhaighteacht na dtáirgí cosanta lena mbaineann a áirithiú, fíor-riachtanach chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh táirgí cosanta agus na slabhraí soláthair a bhaineann leis a dheimhniú. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, i ndáil leis sin, arna iarraidh sin do Bhallstát Rannpháirteach, úsáid a bhaint as iarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo ar mhaithe le soláthar táirgí cosanta a éascú chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

- (38) Is éard ba cheart a bheith in iarrataí a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, iarrataí ón gCoimisiún, ar thionscnamh Ballstáit Rannpháirtigh, ar oibreoirí eacnamaíocha ábhartha atá bunaithe san Aontas glacadh le horduithe táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime nó tosaíocht a thabhairt dóibh. Níor cheart na hiarrataí sin a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a úsáid ach amháin nuair is gá agus nuair is comhréireach chun a áirithiú gur féidir le slabhraí soláthair cosanta oibriú mar is gnách, agus ba cheart iad a bheith dírithe ar thacaíocht a thabhairt don Úcráin a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha aici maidir le hordú a dhéanamh nó conradh a fhorghníomhú chun táirgí cosanta a sholáthar. Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha diúltú a bheith faoi réir iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochtaí ag baint léi. Ba cheart iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi a dhéanamh ar bhonn sonraí oibiachtúla, fíorasacha, intomhaiste a bhfuil bunús cuí leo. Leis an iarraidh sin, ba cheart aird a thabhairt ar leasanna dlisteanacha na ngnóthas, chomh maith leis an gcostas agus leis an iarracht is gá maidir le haon athrú ar sheicheamh an táirgthe. Nuair a ghlactar léi, ba cheart tosaíocht a bheith ag an oibleagáid an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi a chomhlíonadh ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó poiblí. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé soláthar táirgí cosanta a áirithiú, ar earraí iad atá fíor-riachtanach le haghaidh dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus a shlabhraí soláthair, níor cheart comhlíonadh na hoibleagáide maidir le hiarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi a dhéanamh a bheith faoi dhliteanas do thríú páirtithe i leith damáistí a d'fhéadfadh eascairt as aon sárú ar oibleagáidí conarthacha arna rialú ag dlí Ballstáit, a mhéid a bhí gá le sárú na n-oibleagáidí conarthacha chun an tosaíocht shainordaithe a chomhlíonadh. I gcás inar ghlac an t-oibreoir eacnamaíoch go sainráite le hiarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi agus ina bhfuil gníomh cur chun feidhme glactha ag an gCoimisiún tar éis an ghlactha sin, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch coinníollacha uile an ghnímh cur chun feidhme sin a chomhlíonadh. Mura gcomhlíonann an t-oibreoir eacnamaíoch na coinníollacha a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme, ba cheart an tairbhe a bhaineann le tarscaoileadh dliteanais chonarthaigh a chailleadh mar gheall air sin. I gcás inar d'aon ghnó a dhéantar an neamhchomhlíonadh nó inar mórfhailí is cúis leis, ba cheart don Choimisiún a bheith

in ann fíneáil a fhorchur ar an oibreoir eacnamaíoch, faoi réir phrionsabal na comhréireachta.

- (39) Ós rud é gur cheart méideanna sonracha a chur ar fáil le haghaidh cúnamh buiséadach agus cúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine, ba cheart comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú ina gcur chun feidhme faoi seach.
- (40) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do chineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe.
- (41) Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mheabhú nach ndéanann neamh-rannpháirtíocht Ballstát áirithe sa chomhar feabhsaithe sin iad a dhíolmhú ón oibleagáid forfheidhmiú iomlán Airteagal 325 CFAE agus acquis an Aontais a bhfuil sé d'aithne aige cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle²²; Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³, Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴, rialacha Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus, i gcás inarb infheidhme, Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle²⁵. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit sin agus do na heintitis eacnamaíocha faoina ndlínse comhoibriú go hiomlán leis an gCúirt Iniúchóirí, le OLAF, leis an gCoimisiún agus, i gcás inarb infheidhme, le OIPE, i bhfeidhmiú a n-inniúlachtaí.
- (42) Maidir leis an gComhaontú maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hÚcráine, ba cheart forálacha a bheith ann atá ailínithe leis na cearta, na freagrachtaí agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa chreat-chomhaontú faoin tSaoráid don Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/792 a síníodh idir an tAontas agus an Úcráin agus a tháinig i bhfeidhm an 20 Meitheamh 2024. Leis an gcomhaontú sin, áiríteofar go gcosnófar ar bhealach éifeachtúil na leasanna airgeadais sin de chuid an Aontais atá nasctha leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, agus go ndéanfar na bearta iomchuí maidir le calaois, éilliú agus aon neamhrialtachtaí eile a bhaineann leis an gcúnamh a chosc agus a chomhrac. Ina theannta sin, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom), 2024/2509, tabharfaidh sé na cearta agus an rochtain is gá don Choimisiún, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, i gcás inarb infheidhme, d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, lena n-áirítear ó thríú páirtithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme chistí an Aontais le linn agus i ndiaidh na tréimhse ina

²² Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj>).

²³ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj>).

²⁴ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil (IO L 198, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj>).

²⁵ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj>).

mbeidh an Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil. Ba cheart don Úcráin neamhrialtachtaí maidir le húsáid na gcistí a thuairisciú don Choimisiún freisin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa chreat-chomhaontú faoin tSaoráid don Úcráin.

- (43) I bhfianaise staid dheacair na hÚcráine mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise agus chun tacú leis an Úcráin ar a conair fhadtéarmach cobhsaíochta, is iomchuí don Aontas an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a sholáthar don Úcráin mar iasacht cúláraigh theoranta a bheidh dlite agus iníoctha nuair a gheobhaidh an Úcráin airgead nó sócmhainní neamhairgid ón Rúis mar chúiteamh cogaidh, slánaíochtaí nó aon socrú airgeadais ón Rúis, seachas críoch.
- (44) Ba cheart scaoileadh na gcistí faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin a bheith ag brath ar mheasúnú dearfach ón gCoimisiún ar iarraidh ar chistí arna cur isteach ag an Úcráin. I gcás an chúnamh macrairgeadais, ba cheart an measúnú ar na coinníollacha a bheith gan dochar don mheasúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha faoi chlár agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Maidir leis an gcúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine, ba cheart scaoileadh na gcistí a nascadh le conarthaí nó comhaontuithe maidir le gníomhaíochtaí, caiteachais agus bearta chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine a bhaineann le táirgí cosanta nó táirgí eile chun críoch cosanta.
- (45) Leis an Rialachán seo, ba cheart forálacha iomchuí a leagan síos maidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a mhaoiniú.
- (46) I gcomhthéacs riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine, is iomchuí an cúnamh airgeadais a eagrú faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe dá bhforáiltear in Airteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
- (47) I gcomhréir leis an tacaíocht dhaingean ó 25 Cheann Stáit agus Rialtais ar imeall na Comhairle Eorpaí an 18 Nollaig 2025, ba cheart don Úcráin an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a aisíoc a luaith a gheofar cúiteamh ón Rúis, agus forchoimeádann an tAontas a cheart úsáid a bhaint as sócmhainní na Rúise atá blocáilte san Aontas chun an iasacht a aisíoc, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.
- (48) De mhaolú ar Airteagal 31(3) de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶, níor cheart tacú leis an dliteanas airgeadais ó iasachtaí faoin Rialachán seo leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, arna bunú leis an Rialachán sin. Ba cheart tacaíocht i bhfoirm iasachtaí faoin Rialachán seo a bheith ina cúnamh airgeadais de réir bhrí Airteagal 223(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Agus na rioscaí airgeadais agus na ráthaíochtaí atá ann á mbreithniú, níor cheart aon soláthar a dhéanamh don tacaíocht i bhfoirm iasachtaí faoin Rialachán seo, a bheadh le ráthú de bhreis ar na huasteorainneacha, agus, de mhaolú ar Airteagal 214(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, níor cheart aon ráta soláthair a shocrú.

²⁶ Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/2021-06-14>).

- (49) I bhfianaise staid na hÚcráine, mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise agus chun tacú léi ar a conair fhadtéarmach cobhsaíochta, is iomchuí maolú ar Airteagal 223(4), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus deis a thabhairt don Aontas fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta a sholáthar chun na costais a bheadh le híoc ag an Úcráin murach sin a chumhdach. Cuimsíonn na costais sin costais seirbhísíthe fiachais (costas cistiúcháin agus costas bainistithe leachtachta) agus costais riaracháin ghaolmhara. Meastar gurb iomchuí an fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta atá le deonú chun éifeachtacht na tacaíochta faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin a áirithiú de réir bhrí Airteagal 223(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe chun nach gcuirfear brú breise ar airgeadas poiblí na hÚcráine.
- (50) I gcomhréir le hAirteagal 332 CFAE, ba cheart do na Ballstáit Rannpháirteacha caiteachas seachas costais riaracháin a thabhoídh na hinstiúidí mar thoradh ar an gcomhar feabhsaithe a íoc. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe a bheith i dteideal coigeartú i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle²⁷ maidir le haon chaiteachas oibríochtúil arna íoc ag buiséad an Aontais, lena gcuimsítear go háirithe costais seirbhísíthe fiachais, chomh maith le glaonna ar an ráthaíocht. Ba cheart na costais riaracháin a thabhoídh na hinstiúidí agus an comhar feabhsaithe á chur chun feidhme a íoc as buiséad an Aontais gan aon choigeartú a dhéanamh i gcás na mBallstát nach bhfuil rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe.
- (51) Ba cheart don Choimisiún tacaíocht ón Aontas don Úcráin faoin Rialachán seo a bhainistiú.
- (52) Ba cheart an cúnamh don Úcráin faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin a bheith sa bhreis ar an tacaíocht ón Aontas a sholáthraítear faoin tSaoráid don Úcráin agus comhlántach léi. Ba cheart don Choimisiún, i ngach cás inar féidir, féachaint leis an ualach riaracháin agus leis an ualach tuairiscithe ar an Úcráin a íoslaghdú.
- (53) Ba cheart don Choimisiún Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle²⁸ agus ról na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí a chur san áireamh, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí.
- (54) D'fhéadfadh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún ábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin a phlé in idirphlé maidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin. Ba cheart don Choimisiún gnéithe a chur san áireamh a eascraíonn as na tuairimí a cuireadh in iúl tríd an idirphlé maidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, lena n-áirítear na rúin ó Pharlaimint na hEorpa má sholáthraítear iad.
- (55) Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann cur chun feidhme an Rialacháin seo a leanúint, ba cheart don Choimisiún iad a chur ar an eolas go tráthrialta faoi aon dul chun cinn a dhéantar maidir le cúnamh ón Aontas don Úcráin faoin Rialachán seo, agus na doiciméid ábhartha a sholáthar dóibh.

²⁷ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN, a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (Athmhúnlú) (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/609/oj>).

²⁸ Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2010/427/oj>).

- (56) Chun éifeachtacht leanúnach na socruithe a bhunaítear leis an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar leordhóthanacht na socruithe sin agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis sin, agus ar an gcaoi sin, trédhearcacht agus cuntasacht a ráthú.
- (57) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
- (58) Maidir le cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a chur ar fáil don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 ar bhealach intuartha leanúnach ordúil tráthúil d'fhonn tacú leis an Úcráin a riachtanais mhaoiniúcháin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise a chumhdach, ó tharla nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach ach, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, trí bhíthin comhar feabhsaithe, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (59) I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla atá ann mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a agairt.
- (60) I bhfianaise na staide san Úcráin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 **Ábhar**

1. Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le hionstraim a bhunú chun cúnamh ón Aontas a sholáthar don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 i bhfoirm iasachta atá le haisíoc trí chúiteamh atá dlite ón Rúis (an ‘Iasacht Tacaíochta don Úcráin’).
2. Leagtar síos leis cuspóir na hIasachta Tacaíochta don Úcráin, a maoiniú, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas atá fúithi agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

Airteagal 2
Cuspóirí na hIasachta Tacaíochta don Úcráin

1. Is é cuspóir ginearálta na hIasachta Tacaíochta don Úcráin cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a chur ar fáil don Úcráin ar bhealach intuartha, leanúnach, rianúil, solúbtha agus tráthúil d'fhonn tacú leis an Úcráin a riachtanais mhaoiniúcháin a chumhdach, ar riachtanais iad a eascraíonn go háirithe as cogadh foghach na Rúise agus as neamhioc an chúitimh atá dlite ón Rúis.
2. Chun an cuspóir ginearálta sin a bhaint amach, is iad seo a leanas cuspóirí sonracha na hIasachta Tacaíochta don Úcráin:
 - a. Tacú leis an gcobhsaíocht mhacrairgeadais trí na srianta maoiniúcháin sheachtraigh agus inmheánaigh atá leis an Úcráin a mhaolú;
 - b. tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine trí chomhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil.

Airteagal 3
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘táirge cosanta’ earraí, seirbhísí agus oibreacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/81/CE, mar a leagtar amach in Airteagal 2 di;
- (2) ciallaíonn ‘Stát LEE CSTE’ Comhalta de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhalta é den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;
- (3) ciallaíonn ‘mear-iasachtaí G7’ iasachtaí déthaobhacha incháilithe agus iasacht cúnamh macrairgeadais an Aontais de bhun Rialachán (AE) 2024/2773;
- (4) ciallaíonn ‘Ballstát neamh-rannpháirteach’ Ballstát nach bhfuil rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú le Cinneadh [XX] ón gComhairle;
- (5) ciallaíonn ‘Ballstát rannpháirteach’ Ballstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú le Cinneadh [XX] ón gComhairle;
- (6) ciallaíonn ‘táirgí eile chun críoch cosanta’ aon earra, seirbhís agus obair seachas na hearraí, seirbhísí agus oibreacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/81/CE, mar a leagtar amach in Airteagal 2 di, a bhfuil gá leo chun críoch cosanta nó arb é an chosaint is aidhm dóibh.

Airteagal 4
Cúnamh atá le fáil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin

1. Uasmhéid EUR 90 000 000 000 a bheidh san Iasacht Tacaíochta don Úcráin. Cuirfear an méid sin ar fáil don Úcráin i gcomhréir le riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine, dá bhforáiltear i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú arna formheas i gcomhréir le hAirteagal 8.

2. Beidh an Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil go dtí an 31 Nollaig 2027. Cuirfidh an Coimisiún an iasacht sin ar fáil i dtráthchodanna a fhéadfar a eisíoc i dtráinse amháin nó níos mó. Déanfar na tráinsí sin uile a eisíoc faoin 31 Nollaig 2028.
3. Má thagann laghdú suntasach ar riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine le linn na tréimhse ina mbeidh an Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil, lena n-áirítear i gcás ina socraíonn an Rúis damáistí cogaidh na hÚcráine, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3), an méid den Iasacht Tacaíochta don Úcráin nach raibh eis-íochta a laghdú nó é a chur ar ceal.
4. I gcomhréir le hAirteagal 332 CFAE, beidh na Ballstáit neamh-rannpháirteacha i dteideal coigeartú i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle maidir le caiteachas a mhaoinítear as an mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar agus a eascraíonn as cur chun feidhme an chomhair fheabhsaithe seachas costais riaracháin a bhaineann leis na hinstiúidí, atá le híoc as buiséad an Aontais. Is éard a bheidh sa choigeartú sin go háirithe aon chostas seirbhísithe fiachais chomh maith le glaonna ar an ráthaíocht.

Airteagal 5

Na réamhchoinníollacha le haghaidh cúnamh faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin

1. Mar réamhchoinníoll chun an cúnamh faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin a dheonú, ní mór don Úcráin leanúint de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus urraim a ráthú do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Mar chuid den smacht reachta a chaomhnú agus a urramú, déanfar an t-éilliú a chomhrac.
2. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faireachán ar chomhlíonadh an réamhchoinníll a leagtar amach i mír 1, go háirithe sula nglacfar an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 8 agus sula scaoilfear na cistí dá dtagraítear in Airteagal 23. Thairis sin, mar chuid den fhaireachán, tabharfar aird ar na moltaí ábhartha ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, amhail Comhairle na hEorpa agus Coimisiún na Veinése. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoina fhaireachán.

CAIBIDIL II

CUR CHUN FEIDHME NA hIASACHTA TACAÍOCHTA DON ÚCRÁIN

Airteagal 6

Straitéis na hÚcráine um Maoiniú

1. Chun cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a fháil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin, déanfaidh an Úcráin, gach bliain i bprionsabal, Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina dtabharfar sonraí maidir le riachtanais mhaoiniúcháin agus foinsí maoiniúcháin na hÚcráine, le haghaidh an 12 mhí atá le teacht i bprionsabal.
2. Beidh an méid seo a leanas i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú:
 - a. na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha atá ina mbonn taca le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú;
 - b. faisnéis faoi bhuiséad na hÚcráine, in aghaidh na ráithe agus na bliana, lena n-áirítear:
 - i. an comhardú buiséid spriocdhírithe le haghaidh an rialtais ghinearálta, arna mhiondealú de réir fho-earnálacha an rialtais ghinearálta;
 - ii. na réamh-mheastacháin maidir le caiteachas agus ioncam i gcás an rialtais ghinearálta agus a phríomh-fho-earnálacha, agus a bpríomh-chomhchodanna de réir an aicmithe eacnamaíoch;
 - iii. faisnéis ábhartha maidir le caiteachas an rialtais ghinearálta de réir feidhme, go háirithe maidir le cosaint;
 - iv. tuairisc agus cainníochtú ar na bearta caiteachais agus ioncaim atá le cuimsiú sa dréacht-bhuiséad;
 - v. iarscríbhinn ina mbeidh an mhodheolaíocht agus na toimhdí, agus aon pharaiméadair ábhartha eile atá ina bhonn taca leis na réamhaisnéisí buiséadacha.
 - c. faisnéis faoi fhorbairtí airgeadais na hÚcráine san am a chuaigh thart agus faoina forbairtí airgeadais réamh-mheasta sa rialtas ghinearálta, in aghaidh na ráithe agus na bliana, lena n-áirítear:
 - i. faisnéis faoin staid leachtachta (comhardú airgid) i gcás an rialtais ghinearálta agus a phríomh-fho-earnálacha;

- ii. amúchadh fiachais;
 - iii. straitéis eisiúna fiachais;
 - iv. sreabha eile lena gcruthaítear nó lena laghdaítear fiachas;
 - v. an stoc riaráistí íocaíochta agus na forbairtí réamh-mheasta a bhaineann leis.
- d. faisnéis faoi chur chun feidhme cúnaimh a deonaíodh roimhe sin faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin, lena n-áirítear aon aisghabháil airgeadais di;
 - e. faisnéis faoi riachtanais cúnaimh mhíleata chomhchineáil réamh-mheasta;
 - f. ar bhonn bhuiséad na hÚcráine agus na riachtanas cúnaimh mhíleata comhchineáil réamh-mheasta, na riachtanais maoiniúcháin sheachtraigh a bhfuil coinne leo le haghaidh na tréimhse a chumhdaítear le Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, lena n-áirítear miondealú ar na méideanna sa bhuiséad a bhfuil gá leo chun críoch Airteagal 2(2)(a) agus (b) den Rialachán seo. Beidh luach na dtáirgí cosanta atá le ceannach lasmuigh den Aontas agus den Úcráin sa mhiondealú sin;
 - g. maoiniú seachtrach geallta agus ionchasach agus cúnamh míleata comhchineáil tráth a thíolacfar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú le haghaidh na tréimhse a chumhdaítear le Straitéis sin na hÚcráine um Maoiniú, lena n-áirítear miondealú ar mhéideanna an mhaoinithe sheachtraigh sin atá le húsáid i gcomhréir le cuspóirí Airteagal 2(2)(a) agus (b) den Rialachán seo;
 - h. ar bhonn na faisnéise i bpointí (f) agus (g) den mhír seo, an bhearna maoiniúcháin sheachtraigh a bhfuil coinne léi agus a bhfuil cúnamh á lorg ag an Úcráin ina leith faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin faoi Straitéis sin na hÚcráine um Maoiniú, lena n-áirítear miondealú ar mhéideanna na bearna maoiniúcháin sheachtraigh sin a bhfuil coinne léi chun críocha Airteagal 2(2)(a) agus (b) den Rialachán seo;
 - i. chun tacú le caiteachas ilbhliantúil faoi Chaibidil IV den Rialachán seo, faisnéis maidir le riachtanais ilbhliantúla a d'fhéadfadh a bheith ann agus buiséad comhfhreagrach.
3. Féadfaidh an Úcráin Straitéisí nuashonraithe na hÚcráine um Maoiniú a thíolacadh go dtí go mbeidh uasmhéid na hIasachta Tacaíochta don Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 4(1) curtha ar fáil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin i gcomhréir le hAirteagal 8.

Airteagal 7

Measúnú an Choimisiúin ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú arna tíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 6 gan moill mhíchuí.
2. Agus an measúnú dá dtagraítear i mír 1 á dhéanamh aige, gníomhóidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis an Úcráin. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt nó faisnéis bhreise a lorg, lena n-áirítear faisnéis a fhíorú leis na Ballstáit, le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Cuirfidh an Úcráin aon fhaisnéis bhreise a iarrtar ar fáil agus féadfaidh sí athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú más gá, lena n-áirítear tar éis a tíolactha.
3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú agus, go háirithe, déanfaidh sé measúnú ar an méid seo a leanas:
 - a. iomláine, indéantacht agus comhleanúnachas Straitéis na hÚcráine um Maoiniú leis na toimhdí bunúsacha;
 - b. comhsheasmhacht na faisnéise i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú le foinsí seachtracha, lena n-áirítear aon athbhreithniú ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a rinneadh le déanaí agus faisnéis ón Ardán Ilghníomhaireachta Comhordaithe Deontóirí don Úcráin agus ón nGrúpa Teagmhála um Chosaint na hÚcráine;
 - c. comhsheasmhacht na bearna maoiniúcháin sheachtraigh a bhfuil coinne léi leis an dáileadh táscach seo a leanas den Iasacht Tacaíochta don Úcráin:
 - i. EUR 30,000,000,000 le haghaidh cúnamh macrairgeadais i gcomhréir le Caibidil III nó le haghaidh cúnamh buiséadach i bhfoirm iasachta atá le cur chun feidhme faoin tSaoráid don Úcráin de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792;
 - ii. EUR 60 000 000 000 chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine i gcomhréir le Caibidil IV.
 - d. comhlíonadh an réamhchoinníll a leagtar amach in Airteagal 5(1).
4. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, tíolacfaidh sé, gan mhoill, togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 8.

5. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú diúltach ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, cuirfidh sé an Úcráin ar an eolas gan mhoill, agus tabharfaidh sé cúiseanna lena mheasúnú. Ní chuirfidh measúnú diúltach cosc ar an Úcráin Straitéis athbhreithnithe na hÚcráine um Maoiniú a thíolacadh.
6. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar nuashonrú ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú, beidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo.

Airteagal 8
Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle

1. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar Straitéis na hÚcráine um Maoiniú nó ar an nuashonrú uirthi, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinneadh cur chun feidhme lena gcuirfear an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch ar fáil.
2. Déanfar an méid seo a leanas leis an gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 1:
 - a. méid an chúnamh atá le cur ar fáil don Úcráin chun cúnamh a thabhairt ó thaobh chur chun feidhme Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chinneadh, lena n-áirítear an méid den chúnamh sin a bheidh inrochtana:
 - i. le haghaidh cúnamh buiséadach i bhfoirm iasachta atá le cur chun feidhme de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792;
 - ii. le haghaidh cúnamh macrairgeadais i gcomhréir le Caibidil III;
 - iii. chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine i gcomhréir le Caibidil IV.
 - b. uaslíon agus luach táscach na dtráthchodanna a bhunú le haghaidh an chúnamh a bheidh inrochtana le haghaidh cúnamh macrairgeadais i gcomhréir le Caibidil III.
3. Le cinneadh na méideanna den Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chuirfear ar fáil, déanfar an méid seo a leanas:
 - a. an t-uasmhéid atá ar fáil don Iasacht Tacaíochta don Úcráin dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) a urramú;
 - b. a chur san áireamh gur gá comhroinnt chothrom an ualaigh le deontóirí eile a áirithiú maidir le riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine a chumhdach.

- c. i gcás cúnamh buiséid, a chinneadh cá mhéad is féidir cúnamh buiséid tráthrialta a sholáthar i bhfoirm iasachta atá le cur chun feidhme de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792 nó mar chúnamh macrairgeadais, de réir mar is iomchuí.
4. Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 gan moill mhíchuí.

Airteagal 9

Comhlántacht agus comhordú

1. Agus an Iasacht Tacaíochta don Úcráin á cur chun feidhme, gníomhóidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis an Úcráin, leis na Ballstáit, le comhlachtaí agus deontóirí idirnáisiúnta ábhartha don Úcráin, go háirithe tríd an Ardán Deontóirí don Úcráin agus tríd an nGrúpa Teagmhála um Chosaint na hÚcráine, chun cur chuige comhleanúnach comhsheasmhach a áirithiú i measc iad siúd a thacaíonn leis an Úcráin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch na hÚcráine. Agus an méid sin á dhéanamh aige, bainfidh an Coimisiún leas as saineolas na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí.
2. Beidh feidhm ag Airteagail 5, 7, 13, 14, 15 agus 23(1)(b) i gcomhréir le Cinneadh 2010/427/AE.

CAIBIDIL III

CÚNAMH BUISÉADACH I bhFOIRM CÚNAMH

MACRAIRGEADAIS

Airteagal 10

Cuspóir

1. Rannchuideoidh an cúnamh macrairgeadais le bearna mhaoinithe na hÚcráine a chumhdach mar a shainaithnítear i Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a fuair measúnú dearfach.
2. Is é an Coimisiún a bhainistíodh an chaoi a scaoilfear an cúnamh macrairgeadais ar bhonn a mheasúnaithe ar an réamhchoinníoll dá dtagraítear in Airteagal 5 agus ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha beartais atá sa mheabhrán tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 11.

Airteagal 11
Meabhrán Tuisceana

1. Maidir leis na méideanna formheasta den chúnamh macrairgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(a)(ii), tiocfaidh an Coimisiún ar chomhaontú leis an Úcráin maidir le coinníollacha beartais a bhfuil an cúnamh macrairgeadais le nascadh leo. Déanfar na coinníollacha beartais sin a leagan amach i meabhrán tuisceana.
2. Áireofar leis na coinníollacha beartais gealltanais athchóiriúcháin láidre uaillmhianacha, lena n-áirítear na gealltanais sin arb é is aidhm dóibh, go háirithe, slógadh ioncaim a neartú chun tacú le riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine agus chun dul i ngleic le bunchúiseanna an éillithe san airgeadas poiblí, lena n-áirítear trí inbhuanaitheacht agus cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú agus trí éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht na gcóras bainistíochta airgeadais phoiblí a fheabhsú. I gcás inarb ábhartha, beidh na gealltanais sin comhsheasmhach le haon chlár atá ag an Úcráin le CAI agus, ag an am céanna, rachaidh siad níos faide i gcás inarb iomchuí. Déanfaidh an Coimisiún faireachán go tráthrialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na gealltanais sin a bhaint amach.
3. Déanfaidh an Coimisiún síniú an mheabhráin tuisceana agus na leasuithe air a fhorghnóthú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3).

CAIBIDIL IV
CÚNAMH CHUN TACÚ LE hACMHAINNEACHTAÍ
TIONSCLAÍOCHA NA hÚCRÁINE I dTACA LEIS AN
gCOSAINTE

Airteagal 12
Cuspóir

1. Beidh sé d'aidhm ag an gcúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint cur ar a cumas don Úcráin infheistíochtaí poiblí práinneacha móra a dhéanamh chun tacú le tionscal cosanta na hÚcráine agus lena lánpháirtiú i dtionscal cosanta na hEorpa mar fhreagairt ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus ina diaidh. Leis an gcúnamh sin, rannchuideofar, go háirithe, le hatógáil, téarnamh agus nuachóiriú Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta na hÚcráine, d'fhonn a hullmhacht thionsclaíoch i réimse na cosanta a mhéadú, agus a lánpháirtiú i

mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí amach anseo á chur san áireamh agus trí thacaíocht a thabhairt d'infhaighteacht thráthúil táirgí cosanta agus táirgí eile chun críoch cosanta, trí chomhar idir an tAontas agus an Úcráin.

2. Maidir leis na gníomhaíochtaí, na caiteachais agus na bearta chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine, bainfidh siad le táirgí cosanta nó le táirgí eile chun críoch cosanta agus beidh sé d'aidhm acu an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - a. dlús a chur le hoiriúnú an tionscail cosanta na hÚcráine d'athruithe struchtúracha, lena n-áirítear trína acmhainneachtaí monaraíochta a chruthú agus borradh a chur fúthu chomh maith le gníomhaíochtaí tacaíochta gaolmhara;
 - b. feabhas a chur ar infhaighteacht thráthúil táirgí cosanta nó táirgí eile chun críoch cosanta don Úcráin, lena n-áirítear trína n-aga seachadta a laghdú, sliotáin mhonaraíochta a fhorchoimeád nó táirgí cosanta nó táirgí eile, táirgí idirmheánacha nó amhábhair a stoc-charnadh chun críoch cosanta; nó
 - c. feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann idir Bonn bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí agus bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch chosaint na hÚcráine, agus riachtanais na hÚcráine maidir le hatreisiú tionsclaíoch cosanta agus soláthar cosanta á gcur san áireamh, lena gceadaítear idirmhalartacht táirgí cosanta nó táirgí eile chun críoch cosanta arna monarú ag tionscal cosanta na hÚcráine agus ag tionscal cosanta na hEorpa.

Airteagal 13 ***Incháilitheacht***

1. Gníomhaíochtaí, caiteachais agus bearta chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine a bhaineann le táirgí cosanta agus táirgí eile chun críoch cosanta, beidh siad incháilithe do chúnamh ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach san Airteagal seo.
2. Bainfidh táirgí cosanta le ceann de na catagóirí seo a leanas:
 - a. catagóir a haon: armlón agus diúrascáin; córais airtléire, lena n-áirítear cumais domhain-ionsaithe; cumais talamhchomhraic agus a gcórais tacaíochta, lena n-áirítear trealamh saighdiúra agus airm coisithe; dróin bheaga (aicme 1 ECAT) agus córais ghaolmhara frithdhróin; cosaint an bhonneagair chriticiúil; an cibearspás; agus soghluaisteacht mhíleata lena n-áirítear frith-shoghluaisteacht;

- b. catagóir a dó: córais cosanta frithdhiúracán; cumais dromchla mhuirí agus faoi uisce; dróin cé is moite de dhróin bheaga (aicmí 2 agus 3 ECAT) agus córais ghaolmhara frithdhróin; cumasóirí straitéiseacha amhail aertharlú straitéiseach, athbhreoslú san aer, córais C4ISTAR chomh maith le sócmhainní agus seirbhísí spáis, ach gan a bheith teoranta dóibh; cosaint sócmhainní spáis; an intleacht shaorga agus an chogaíocht leictreonach.
3. Na gníomhaíochtaí, na caiteachais agus na bearta chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine a bhaineann le táirgí cosanta nó táirgí eile chun críoch cosanta, ní sháróidh siad leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an dea-chaidrimh comharsanachta, ná na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán seo.
4. Déanfar táirgí cosanta a tháirgeadh i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:
- a. Monaróirí agus fochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an táirgeadh, beidh siad bunaithe san Aontas agus beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin acu san Aontas, i Stát CSTE LEE nó san Úcráin. Ní bheidh siad faoi réir rialú tríú tír nach Stát CSTE LEE ná an Úcráin í ná faoi réir rialú eintiteas tríú tír eile nach bhfuil bunaithe san Aontas, i Stát CSTE LEE nó san Úcráin;
- b. De mhaolú ar phointe (a), chun comhar tionsclaíoch le comhpháirtithe nach de chuid an Aontais iad a chur san áireamh, maidir le táirgí cosanta lena mbaineann fochonraitheoir atá páirteach sa táirgeadh dá leithdháiltear idir 15 % agus 35 % de luach an chonartha, agus nach bhfuil bunaithe nó nach bhfuil a struchtúir bhainistíochta feidhmiúcháin san Aontas, i Stát CSTE LEE nó san Úcráin, beidh na táirgí sin incháilithe ar choinníoll go gcomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:
- i. bunaíodh caidreamh conarthach díreach a bhaineann leis an táirge cosanta idir an monaróir agus an fochonraitheoir sin roimh an 28 Bealtaine 2025;
- ii. geallann an monaróir go ndéanfaidh sé staidéar, laistigh de 2 bhliain, ar a indéanta atá sé ionchur malartach saor ó shrianta de thionscnamh an Aontais, Stáit CSTE LEE nó na hÚcráine a chur in ionad an ionchuir a sholáthraíonn an fochonraitheoir sin, agus go gcomhlíonfaidh sé ceanglais theicniúla agus ama.

- c. De mhaolú ar phointe (a), maidir le táirgí cosanta lena mbaineann monaróirí nó fochonraitheoirí atá bunaithe san Aontas agus atá faoi rialú tríú tír eile nó eintitis tríú tír eile nach Stát CSTE LEE ná an Úcráin é, beidh siad incháilithe más rud é go bhfuil an monaróir nó an fochonraitheoir sin faoi réir scagadh de réir bhrí Rialachán (AE) 2019/452 agus, i gcás inar gá, faoi réir bearta maolaithe iomchuí, nó má thugann an monaróir sin ráthaíochtaí i gcomhréir le pointe (d) arna bhfíorú ag an mBallstát ina bhfuil sé bunaithe;
- d. Soláthrófar dearbhuithe sna ráthaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo nach sárófaí leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear i gcreat an chomhbheartais eachtraigh agus slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach de thoradh rannpháirtíocht an mhonaróra nó an fhochonraitheora i dtáirgeadh an táirge cosanta. Tabharfar bunús sna ráthaíochtaí sin go háirithe go bhfuil bearta i bhfeidhm, chun críocha na ngníomhaíochtaí an chaiteachais agus na mbeart, chun an méid seo a leanas a áirithiú:
 - i. ní fheidhmeofar rialú ar an monaróir ná ar an bhfochonraitheoir ar bhealach lena gcuirfear srian nó teorainn ar a chumas na ngníomhaíochtaí, na caiteachais agus na bearta a dtugtar tacaíocht dóibh a dhéanamh; agus
 - ii. cosc ar rochtain a bheith ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis rúnaicmithe nó íogair a bhaineann leis an táirge cosanta agus go mbeidh imréiteach náisiúnta slándála arna eisiúint ag Ballstát, i gcás inarb iomchuí, ag na fostaithe nó ag daoine eile a bhfuil baint acu le táirgeadh an táirge, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin náisiúnta.
- e. Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na monaróirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an táirgeadh, beidh siad lonnaithe ar chríoch Bhallstáit, ar chríoch Stát CSTE LEE nó ar chríoch na hÚcráine. I gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní ábhartha le fáil go héasca ar chríoch Ballstáit, Stát CSTE LEE, nó na hÚcráine do mhonaróirí nó d'fhochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an táirgeadh, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní atá lonnaithe nó atá acu lasmuigh de na críocha sin, ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát;

- f. Féadfar a mheas go gcomhlíonann na monaróirí agus na fochonraitheoirí atá rannpháirteach sa táirgeadh na coinníollacha incháilitheachta dá dtagraítear sa mhír seo i gcás ina bhfuil coinníollacha coibhéiseacha comhlíonta acu faoi Rialachán (AE) 2018/1092²⁹, (AE) 2021/697³⁰, (AE) 2023/1525³¹ nó (AE) 2023/2418³² ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó faoi Rialachán (AE) 2025/1106 agus ar choinníoll nach ndéanfar, le haon athruithe ina dhiaidh sin, amhras a chaitheamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin;
 - g. Ní rachaidh costas na gcomhpháirteanna nach de thionscnamh an Aontais, Stát CSTE LEE nó na hÚcráine iad os cionn 35 % de chostas measta chomhpháirteanna an táirge cosanta. Ní bhfaighfear aon chomhpháirt ó thríú tír a sháraíonn leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát;
 - h. Maidir le táirgí cosanta a bhaineann le catagóir a dó dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh sé de chumas ag monaróirí cinneadh a dhéanamh, gan srianta arna bhforchur ag tríú tíortha nó ag eintitis tríú tír, maidir le sainmhíniú, oiriúnú agus éabhlóid dheardh an táirge cosanta arna sholáthar, lena n-áirítear an t-údarás dlíthiúil chun comhpháirteanna atá faoi réir srianta arna bhforchur ag tríú tíortha nó ag eintitis tríú tír a ionadú nó a bhaint;
 - i. Chun críocha na míre seo, ciallaíonn ‘fochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an táirgeadh’ aon eintiteas dlítheanach a sholáthraíonn ionchuir chriticiúla a bhfuil tréithe uathúla acu atá fíor-riachtanach d’fheidhmiú táirge ar a leithdháiltear 15 % ar a laghad de luach an chonartha, agus ag a bhfuil gá le rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe ar mhaithe le feidhmiú an chonartha.
5. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 4, agus lánurraim á tabhairt do mhír 3, i gcás ina mbeidh géarghá le táirge cosanta ar leith a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin,

²⁹ Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1092/oj>).

³⁰ Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj>).

³¹ Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj>).

³² Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj>).

beidh soláthar táirge cosanta nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 agus 4 incháilithe le haghaidh cúnamh airgeadais faoin gcaibidil seo ar choinníoll:

- a. nach bhfuil aon táirge coibhéiseach ann a fhreastalaíonn ar riachtanas práinneach sin a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 agus 4 nó nach bhfuil sé ar fáil ar an scála is gá; nó
- b. go bhfuil an t-aga seachadta le haghaidh táirge den sórt sin i bhfad níos giorra ná mar atá i gcás táirge a chomhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 agus 4, fiú dá mbeadh an táirge sin faoi réir iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi dá dtagraítear in Airteagal 19.

I gcás den sórt sin, cuirfidh an Úcráin an fhaisnéis atá ar fáil go réasúnta di ar fáil lena léireofar go bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an mhaolaithe sin á gcomhlíonadh chun go ndéanfaidh an Coimisiún iad a sheiceáil gan moill mhíchuí. I gcomhthéacs phointe (b), áireofar san fhaisnéis sin gealltanais foirmiúil ón monaróir go gcomhlíonfar an t-aga seachadta.

Ní dhéanfar táirgí cosanta a sholáthar ó mhonaróirí atá bunaithe i dtríú tíortha ach amháin i gcás nach mbeidh aon rogha mhalartach le fáil san Aontas faoi na himthosca a thuairiscítear i bpointí (a) agus (b).

Déanfaidh an Coimisiún maoluithe den sórt sin a fhormheas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3).

6. I gcás inarb infheidhme, maidir leis na nósanna imeachta soláthair agus na conarthaí le haghaidh táirgí eile chun críoch cosanta a eascraíonn as soláthairtí a fhaigheann tacaíocht faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin, áiritheoidh na Ballstáit rannpháirteacha go mbeidh coinníollacha incháilitheachta iomchuí iontu chun leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.
7. De mhaolú ar mhír agus 4, úsáidfear ranníocaíochtaí i gcomhréir le pointe (e) de mhír 8 den Airteagal seo i gcomhréir le coinníollacha incháilitheachta an chláir ábhartha de chuid an Aontais.
8. Déanfar gníomhaíochtaí, caiteachais agus bearta a bhaineann le táirgí cosanta nó táirgí eile chun críoch cosanta a chur chun feidhme laistigh de cheann de na modhanna cur chun feidhme seo a leanas:

- a. soláthairtí ón Úcráin, faoi réir an tsoláthair agus an tseachadta a bheith bailíochtaithe ag an gCoimisiún nó ag na Ballstáit rannpháirteacha. Beidh an Úcráin freagrach as soláthairtí den sórt sin i gcomhréir le dlí na hÚcráine, i gcás ina n-áireofar i mbailíochtuithe ón gCoimisiún nó ó na Ballstáit rannpháirteacha, ar bhonn samplach, seiceálacha ar dhoiciméadacht chonarthach, ar shonraisc agus ar dheimhnithe seachadta, cigireachtaí fisiceacha ar sholáthróirí agus fíorú fisiceach ar sheachadtaí;
- b. soláthairtí ón Úcráin ar soláthar comhoibríoch iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/1106;
- c. comhaontuithe idir an Úcráin agus na Ballstáit nó an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint;
- d. comhaontuithe soláthair idir an Úcráin agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó idir-rialtasacha;
- e. ranníocaíochtaí ón Úcráin leis an Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin arna bunú le *[an Rialachán maidir leis an gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach]*, leis an gCreat Infheistíochta don Úcráin arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/792 le haghaidh earraí dé-úsáide nó le haghaidh cláir eile de chuid an Aontais.

Féadfaidh an Úcráin gníomhaíochtaí, caiteachais agus bearta a bhaineann le táirgí eile chun críoch cosanta a chur chun feidhme freisin trí sholáthairtí le haghaidh soláthairtí faoi bhun EUR 7 000 000, ar choinníoll go n-áirítheofar bainistiú fóna airgeadais agus cosaint leas airgeadais an Aontais.

9. Conarthaí a dhéanfaidh an Úcráin a bhaineann le soláthairtí, comhaontuithe nó ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 8, beidh siad incháilithe má shínítear iad tar éis an 14 Eanáir 2025 ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.
10. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir incháilitheachta a leathnú chun go n-áireofar tríú tíortha seachas Stáit CSTE LEE agus an Úcráin nach sáraíonn leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, ar choinníoll go mbeidh comhaontú tugtha i gcrích ag na tíortha sin leis an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán 2025/1106 ón gComhairle.

Airteagal 14

Sceidil táirgí

1. Maidir leis na méideanna formheasta cúnaimh chun tacú le hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gCosaint dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(a)(iii), tarraingeoidh an Úcráin sceideal suas le haghaidh gach gníomhaíochta, caiteachais nó birt a bhaineann le táirgí cosanta nó le táirgí eile chun críoch cosanta a bhfuil sé beartaithe aici cúnamh a iarraidh ina leith. Leagfar amach an méid seo a leanas sa sceideal sin:
 - a. tuairisc ar tháirgí cosanta nó ar tháirgí eile chun críoch cosanta;
 - b. faisnéis maidir le comhlíonadh Airteagal 13.
2. Rachaidh an Úcráin i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an sceideal d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 13. Agus cinneadh á dhéanamh aige an bhfuil modh malartach cur chun feidhme níos tíosaí nó nuair a bheidh na praghsanna atá ar fáil á meas aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon chómhaoiniú atá le soláthar ag na Ballstáit. Agus an modh cur chun feidhme is iomchuí á mholadh don Úcráin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tráthúlacht seachadta an táirge, na gníomhaíochta, an chaiteachais nó an bhirt ábhartha, na praghsanna atá ar fáil, an taithí a fuarthas roimhe seo ar an modh cur chun feidhme sin agus, i gcás ina bhfuil údar leis, an taithí a fuarthas roimhe seo le monaróirí faoin modh cur chun feidhme sin. Mura sainaithníonn an Úcráin modh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 13(8) nó má mheasann an Coimisiún go bhfuil modh malartach cur chun feidhme níos tíosaí, níos éifeachtúla nó níos éifeachtaí, féadfaidh an Coimisiún modh cur chun feidhme a mholadh don Úcráin.
3. De mhaolú ar mhír 1, ní cheanglófar ar an Úcráin sceideal cur chun feidhme a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 13(8)(e).

Airteagal 15

Grúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gCosaint

1. Chun tacú le cur chun feidhme an chúnaimh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine, bunóidh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gCosaint.
2. I dteannta na n-ionadaithe ó sheirbhísí an Choimisiúin agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, beidh ionadaithe ó na Ballstáit Rannpháirteacha agus ó Stáit CSTE LEE sa Ghrúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch na hÚcráine i

dtaca leis an gCosaint. Tabharfar cuireadh don Úcráin freastal ar chruinnithe de chuid an Ghrúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gCosaint de réir mar is iomchuí.

3. Soláthróidh an Grúpa Saineolaithe um Acmhainneacht Thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gCosaint comhairle, saineolas agus tacaíocht maidir leis na táirgí cosanta agus táirgí eile chun críoch cosanta, agus maidir leis an modh cur chun feidhme.

Airteagal 16

Riar an chúnaimh chun tacú le hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint

Osclóidh an Úcráin cuntas speisialta chun an cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a fhaightear chun tacú hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint a bhainistiú agus chun na críche sin amháin. I ndáil leis an gcuntas seo:

- a. déanfar íocaíochtaí uile na gconarthaí nó na gcomhaontuithe a n-iarrtar cúnamh ina leith chun tacú le hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint a íoc ón gcuntas sin;
- b. tabharfar cearta faireacháin ar an gcuntas sin don Choimisiún;
- c. Soláthróidh an Úcráin tuarascáil mhíosúil don Choimisiún, tuarascáil a bheidh le tíolacadh laistigh de 10 lá oibre ó dheireadh gach míosa agus a mbeidh an fhaisnéis seo a leanas inti:
 - i. dáta agus méid gach íocaíochta a rinneadh ón gcuntas le linn na míosa roimhe sin;
 - ii. ainm fhaighteoir gach íocaíochta;
 - iii. tuairisc ar chuspóir gach íocaíochta agus ar an gcaoi a mbaineann sí leis na conarthaí nó na comhaontuithe a chuirtear isteach in iarrataí ar chistí;
 - iv. aon fhaisnéis eile a iarrfaidh an Coimisiún le réasún.

Airteagal 17

Faireachán ar chur chun feidhme

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an chúnaimh chun tacú le hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint, lena n-áirítear seachadadh táirgí go háirithe, i gcomhréir leis an Airteagal seo.
2. I gcás soláthairtí ón Úcráin i gcomhréir le hAirteagal 13(8), pointe (a) arna mbailíochtú ag an gCoimisiún, úsáidfí an Coimisiún an próiseas bailíochtaithe atá ann.

3. Maidir le soláthairtí ón Úcráin i gcomhréir le hAirteagal 13(8), pointe (a) arna mbailíochtú ag na Ballstáit Rannpháirteacha, déanfaidh an Ballstát Rannpháirteach faireachán ar chur chun feidhme an tsoláthair agus an tseachadta i gcomhréir leis an bhforáil sin agus tuairisceoidh sé don Choimisiún.
4. Maidir le soláthairtí ón Úcráin i gcomhréir le hAirteagal 13(8), pointe (b), déanfaidh na Ballstáit Rannpháirteacha atá mar chuid de sholáthar comhoibríoch den sórt sin faireachán ar chur chun feidhme an tsoláthair agus an tseachadta agus tuairisceoidh siad don Choimisiún. I gcomhthéacs soláthar comhoibríoch faoi Rialachán (AE) 2025/1106, i gcás ina gcomhaontaíonn Ballstát Neamh-Rannpháirteach a bheith faoi cheangal ag na rialacha incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo agus iad a chur i bhfeidhm, ina n-áirithíonn sé cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus inarb é an t-údarás conarthach a ghníomhaíonn thar ceann na dtíortha eile, ceanglóidh an Úcráin mar choinníoll a ghabhann lena rannpháirtíocht go ndéanfaidh an Ballstát Neamh-Rannpháirteach faireachán ar chur chun feidhme an tsoláthair agus an tseachadta agus go dtuairisceoidh sé don Choimisiún.
5. I gcás comhaontuithe idir an Úcráin agus na Ballstáit Rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 13(8), pointe (c), déanfaidh an Ballstát Rannpháirteach faireachán ar chur chun feidhme an chomhaontaithe agus ar sheachadadh an chomhaontaithe agus tuairisceoidh sé don Choimisiún. I gcás comhaontuithe idir an Úcráin agus na Ballstáit Neamh-Rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 13(8), pointe (c), áireoidh an Úcráin sna comhaontuithe sin oibleagáidí ar an mBallstát Neamh-Rannpháirteach lena mbaineann a bheith faoi cheangal ag na rialacha incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo agus na rialacha incháilitheachta sin a chur i bhfeidhm, cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe agus ar an seachadadh agus tuairisciú don Choimisiún.
6. I gcás comhaontuithe idir an Úcráin agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint i gcomhréir le hAirteagal 13(8), pointe (c), déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint faireachán ar chur chun feidhme an chomhaontaithe agus ar sheachadadh an chomhaontaithe agus tuairisceoidh sí don Choimisiún.
7. I ndáil le comhaontuithe maidir le soláthar idir an Úcráin agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó idir-rialtasacha i gcomhréir le hAirteagal 13(8), pointe (d), áireoidh an Úcráin sna comhaontuithe soláthair sin oibleagáidí ar na heagraíochtaí idirnáisiúnta nó idir-

rialtasacha faoi seach faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an tsoláthair agus ar an seachadadh agus tuairisciú don Choimisiún.

8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 7 maidir le soláthairtí ag an Úcráin i gcomhréir le hAirteagal 13(8) a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí, caiteachais agus bearta a bhaineann le táirgí eile chun críoch cosanta atá faoi bhun EUR 7 000 000. Mar sin féin, tuairisceoidh an Úcráin go tráthrialta don Choimisiún maidir leis an gcaoi a ndéanann sí faireachán ar chur chun feidhme na soláthairtí agus an tseachadta sin. Tabharfaidh an Coimisiún faoi rialuithe rioscabhunaithe.
9. Má thugann an Úcráin fógra don Choimisiún nár cuireadh conradh chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 20(2), pointe (g) nó má thagann sé ar an eolas faoi neamhsheachadadh táirgí faoin Airteagal seo nó faoi neamhúsáid cistí sa chuntas dá dtagraítear in Airteagal 16, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis an Úcráin chun cuspóir na gcistí sin a athrú i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.

Airteagal 18

Creat-chomhaontuithe nó conarthaí a mhodhnú

1. I gcás ina ndéanfar gníomhaíochtaí, caiteachais agus bearta a bhaineann le táirgí cosanta a chur chun feidhme trí na modhanna dá dtagraítear i mír 8(b) nó (c) d'Airteagal 13 laistigh den Aontas, beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear i míreanna 2 go 4 maidir le creat-chomhaontú nó conradh atá ann cheana arb é is cuspóir dó táirgí cosanta a cheannach, rud a úsáidtear sa mhodh cur chun feidhme sin, agus nach ndéantar foráil ann maidir leis an bhféidearthacht é a leasú go substaintiúil. An t-údarás conarthach a thug an creat-chomhaontú nó an conradh i gcrích, gheobhaidh sé comhaontú roimh ré ón ngnóthas lenar thug sé an creat-chomhaontú nó an conradh sin i gcrích agus míreanna 2 agus 3 á gcur i bhfeidhm aige.
2. Féadfaidh údarás conarthach Ballstáit Rannpháirtigh creat-chomhaontú nó conradh atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta a mhodhnú, i gcás inar tugadh an creat-chomhaontú nó an conradh sin i gcrích le gnóthas a chomhlíonann critéir atá coibhéiseach leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 13(4) agus (5) den Rialachán seo, chun an Úcráin a chur isteach mar pháirtí sa chreat-chomhaontú nó sa chonradh sin.
3. De mhaolú ar Airteagal 29(2), an tríú fomhír, de Threoir 2009/81/CE, féadfaidh údarás conarthach de chuid Ballstáit Rannpháirtigh leasuithe substaintiúla a dhéanamh ar na cainníochtaí a leagtar amach i gcreat-chomhaontú nó conradh, le luach measta os cionn

na dtairseach a leagtar síos in Airteagal 8 de Threoir 2009/81/CE, i gcás inar tugadh an creat-chomhaontú nó an conradh i gcrích le gnóthas a chomhlíonann critéir atá coibhéiseach leis na critéir sin a leagtar síos in Airteagal 13(4) go (5) den Rialachán seo, agus a mhéid atá fíorghá leis an modhnú chun mír 2 den Aireagal seo a chur i bhfeidhm.

4. Chun an luach a luaitear i mír 3 a ríomh, is é an luach nuashonraithe a bheidh mar luach tagartha i gcás ina bhfuil clásal innéacsaithe sa chonradh.
5. Údarás conarthach a mhodhnaigh creat-chomhaontú nó conradh sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 2 nó 3 den Airteagal seo, foilseoidh sé fógra chuige sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir 2009/81/CE.
6. Sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, beidh feidhm ag prionsabal na gceart comhionann agus na n-oibleagáidí comhionanna idir na húdaráis chonarthacha atá ina bpáirtithe sa chreat-chomhaontú nó conradh, go háirithe maidir le costas na gcainníochtaí breise arna soláthar.

Airteagal 19

Tosaíocht dheonach a thabhairt do táirgí cosanta

1. Chun críche an Rialacháin seo, agus chun na críche sin amháin, agus i gcás ina mbeidh deacrachtaí tromchúiseacha roimh an Úcráin maidir le conradh a chur ar bun nó a fhorghníomhú chun táirgí cosanta a sholáthar a bhfuil géarghá leo agus a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 13(4) nó (5), féadfaidh oibreoir eacnamaíoch in éineacht leis an mBallstát Rannpháirteach a bhfuil a láithreán táirgthe lonnaithe ar a chríoch iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin go comhpháirteach beart tosaíochta a eisiúint chun tosaíocht a thabhairt d'ordú áirithe de na táirgí sin arna monarú ag an oibreoir eacnamaíoch sin.
2. Beidh na heilimintí seo a leanas san áireamh san iarraidh chomhpháirteach dá dtagraítear i mír 1:
 - a. An chéad iarraidh ón Úcráin;
 - b. Liosta na dtáirgí atá le cur faoi réir an bhirt tosaíochta, a sonraíochtaí agus na cainníochtaí ina soláthrófar iad;
 - c. Na teorainneacha ama ar laistigh díobh atá seachadadh na dtáirgí sin le cur i gcrích;
 - d. Fianaise nach féidir leis an oibreoir eacnamaíoch an iarraidh ón Úcráin dá dtagraítear i bpointe (a) a chomhlíonadh gan beart tosaíochta;

- e. Léiriú ar phraghas cothrom réasúnta ar a bhféadfaí an beart tosaíochta a chur chomh maith le heilimintí lena dtugtar bunús leis an bpraghas sin.
3. Ar iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a fháil, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarraidh sin gan moill mhíchuí.
4. Bunóidh an Coimisiún a mheasúnú dá dtagraítear i mír 3 ar shonraí oibiachtúla, fíorasacha, intomhaiste agus cuí-réasúnaithe, a bhfuil sé d'aidhm aige a chinneadh an bhfuil tosaíocht den sórt sin fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí tromchúiseacha dá dtagraítear i mír 1.
5. I gcás ina gcinntear sa mheasúnú dá dtagraítear i mír 3 go bhfuil an tosaíocht fíor-riachtanach, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, beart tosaíochta ina leagfar amach an méid seo a leanas:
- a. bunús dlí na hiarrata a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi atá le comhlíonadh ag an oibreoir eacnamaíoch;
 - b. liosta na dtáirgí atá faoi réir na hiarrata a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi, a sonraíochtaí agus na cainníochtaí ina bhfuil siad le soláthar;
 - c. na teorainneacha ama ar laistigh díobh atá an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi le cur i gcrích;
 - d. tairbhithe na hiarrata a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi;
 - e. raon feidhme na n-oibleagáidí conarthacha a mbeidh tús áite ag an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi;
 - f. tarscaoileadh dliteanais chonarthaigh faoi na coinníollacha a leagtar síos i mír 7 den Airteagal seo; agus
 - g. na pionóis dá bhforáiltear i míreanna 12 go 18 den Airteagal seo i gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an ngníomh cur chun feidhme sin.
- Déanfar an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3).
6. Maidir leis an mbeart tosaíochta dá dtagraítear i mír 5:

- a. cuirfear ar phraghas cóir agus réasúnta iad, agus deischoistais an oibreora eacnamaíoch á gcur san áireamh go leordhóthanach agus an beart tosaíochta á chomhlíonadh i gcomparáid leis na hoibleagáidí conarthacha atá ann cheana; agus
 - b. beidh tosaíocht acu ar aon oibleagáid conarthach faoin dlí príobháideach nó poiblí a bhaineann leis na táirgí cosanta atá faoi réir an bhirt tosaíochta, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5.
7. Ní bheidh an t-oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir bearta tosaíochta de bhun mhír 5 faoi dhliteanas i leith aon sárú ar an oibleagáid chonarthach a rialaítear le dlí Ballstáit Rannpháirtigh, ar choinníoll:
- a. go bhfuil géarghá leis an sárú ar oibleagáid conarthach chun an tosaíocht is gá a chomhlíonadh;
 - b. gur comhlíonadh an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5; agus
 - c. nach raibh sé d'aidhm ag an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 oibleagáid feidhmíochta roimh ré faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí a sheachaint go míchuí agus chun na críche sin amháin.
8. Féadfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch atá faoi réir beart tosaíochta a iarraidh ar an gCoimisiún an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 a mhodhnú i gcás ina measann sé go bhfuil údar cuí leis bunaithe ar cheann de na forais seo a leanas:
- a. níl an t-oibreoir eacnamaíoch in ann an beart tosaíochta a dhéanamh mar gheall ar chumas táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta neamhleor, fiú i gcás cóir fhabhrach i leith na hiarrata;
 - b. dá gcuirfí an beart tosaíochta i gcrích, chuirfí ualach eacnamaíoch míréasúnta ar an oibreoir eacnamaíoch, agus bheadh cruatan ar leith i gceist don oibreoir eacnamaíoch.
9. Soláthróidh an t-oibreoir eacnamaíoch an fhaisnéis ábhartha agus chuí-réasúnaithe uile chun go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar fhiúntas na hiarrata ar mhodhnú dá dtagraítear i mír 8.
10. Ar bhonn an scrúdaithe ar na cúiseanna agus na fianaise arna soláthar ag an oibreoir eacnamaíoch, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát Rannpháirteach comhaontú a fháil roimh ré ón mBallstát Rannpháirteach a bhfuil láithreán táirgthe ábhartha an oibreora eacnamaíoch lena mbaineann lonnaithe ar a

chríoch, leasú a dhéanamh ar a ghníomh cur chun feidhme chun an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a scaoileadh, go páirteach nó go hiomlán, óna oibleagáidí faoin Airteagal seo.

11. I gcás nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch, d’aon ghnó nó trí mhórfhaillí, tar éis dó glacadh go sainráite le tosaíocht a thabhairt do na horduithe arna n-iarraidh ag an gCoimisiún, an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do na horduithe sin, beidh sé faoi réir fíneálacha a leagtar amach i míreanna 12 go 18 den Airteagal seo, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- a. níl bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch in ann an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi a fheidhmiú mar thoradh ar chumas táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta atá neamhleor, nó ar fhoras teicniúil; nó
- b. dá ndéanfaí nó dá gcomhlánófaí an iarraidh, chuirfí ualach eacnamaíoch míréasúnta ar an oibreoir eacnamaíoch, agus bheadh cruatan ar leith i gceist don oibreoir eacnamaíoch, lena n-áirítear rioscaí substaintiúla a bhaineann le leanúnachas gnó.

Is éard a bheidh san ioncam ó na fíneálacha ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 do chlár cúnaimh sheachtraigh faoina bhfuil an Úcráin incháilithe.

12. I gcás ina measann sé go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, fíneálacha nach mó ná EUR 300 000 a fhorchur ar na hoibreoirí eacnamaíocha i gcás nach gcomhlíonann an t-oibreoir eacnamaíoch, d’aon ghnó nó trí mhórfhaillí, an oibleagáid an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi a dhéanamh de bhun an Airteagail seo.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3).

13. Sula ndéanfaidh sé cinneadh de bhun mhír 12, tabharfaidh an Coimisiún deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann éisteacht a fháil i gcomhréir le mír 15. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon údar cuí-réasúnaithe a chuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch isteach chun a chinneadh an meastar fíneálacha a bheith riachtanach agus comhréireach.

14. Agus méid na fíneála á shocrú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, lena n-áirítear ar chomhlíon an t-oibreoir eacnamaíoch an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis nó an iarraidh a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint léi go páirteach.

15. Sula nglacfaidh sé cinneadh de bhun mhír 12, áiríteoidh an Coimisiún gur tugadh an deis do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann barúlacha a chur isteach maidir leis an méid seo a leanas:
- a. na réamhthorthaí ón gCoimisiún, lena n-áirítear aon ábhar a bhfuil agóidí déanta ag an gCoimisiún ina leith;
 - b. na bearta a d'fhéadfadh a bheith beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh i bhfianaise na réamhthorthaí de bhun phointe (a) den mhír seo.
16. Féadfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a mbarúlacha maidir leis na réamhthorthaí ón gCoimisiún a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de theorainn ama a shocróidh an Coimisiún ina réamhthorthaí, agus nach bhféadfaidh a bheith níos lú ná 14 lá oibre.
17. Is ar na hagóidí sin a raibh na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann in ann a dtuairimí a thabhairt ina leith, agus orthu sin amháin, a bhunóidh an Coimisiún a chinneadh fíneálacha a fhorchur.
18. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún na réamhthorthaí dá dtagraítear i mír 15 in iúl do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, tabharfaidh sé rochtain ar chomhad ón gCoimisiún, má iarrtar amhlaidh, faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlísteanaigh oibreoirí eacnamaíocha a rúin ghnó a chosaint, nó chun rúin ghnó nó faisnéis rúnda eile aon duine a chaomhnú. Faisnéis rúnda agus doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát Rannpháirteach, go háirithe comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát, ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis ná ar na doiciméid sin i gceist leis an gceart rochtana ar an gcomhad. Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis a nochtadh agus a úsáid, ar faisnéis í atá riachtanach chun sárú a chruthú.
19. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chearta na mBallstát Rannpháirteach a leasanna bunúsacha slándála a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 346(1)(b) CFAE.

CAIBIDIL V

MAOINIÚ AGUS CUR CHUN FEIDHME

Airteagal 20

An Comhaontú maidir le hÍasacht Tacaíochta don Úcráin

1. Leagfar síos téarmaí airgeadais mionsonraithe na hÍasachta Tacaíochta sa Chomhaontú maidir le hÍasacht Tacaíochta don Úcráin.

2. Sa bhreis ar na heilimintí a leagtar síos in Airteagal 223(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ceanglófar an méid seo a leanas leis an gComhaontú maidir le hÍasacht Tacaíochta don Úcráin:

- (a) is é a bheidh san Íasacht Tacaíochta don Úcráin íasacht cúláraigh theoranta a thíocfaidh chun bheith dlite agus iníoctha tráth a tharlóidh truícear aisíocaíochta mar a mhínítear i bhfomhír (j);
- (b) Soláthróidh an Úcráin leas urrúis don Aontas ar a héileamh ar an Rúis le haghaidh cúitimh mar urrús don Íasacht Tacaíochta don Úcráin. Beidh luach an leasa urrúis sin aon tráth áirithe comhionann le luach na gcistí eisíoctha faoin Íasacht Tacaíochta don Úcráin;
- (c) beidh feidhm ag na cearta, na freagrachtaí agus an oibleagáid dá bhforáiltear sa chreat-chomhaontú faoin tSaoráid don Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/792 maidir leis an gComhaontú seo maidir le hÍasacht Tacaíochta don Úcráin agus leis na cistí ann;
- (d) cuirfear an méid cúnaimh dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(a)(i) chun feidhme i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) 2024/792, cé is moite de rialacha maidir le fad agus aisíocaíocht na hÍasachta, lena n-áirítear fóirdheontas i leith costais íasachtaíochta, rud a rialófar le rialacha an Rialacháin seo;
- (e) Úsáideann an Úcráin na córais bhainistíochta agus rialaithe chéanna leo siúd a mholtar sa Phlean don Úcráin a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2024/792, lena n-áirítear tar éis na tréimhse infhaighteachta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) sa Rialachán sin;
- (f) tá sé de cheart ag an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, caiteachas agus bearta faoi Chaibidil IV den Rialachán seo a dhéanann údaráis na hÚcráine, feadh thimthriall iomlán an tionscadail;
- (g) Tabharfaidh an Úcráin fógra láithreach don Choimisiún mura gcuirfear dréachtchonradh nó dréachtchomhaontú arna mhaoiniú tríd an Íasacht Tacaíochta don Úcráin chun feidhme;
- (h) go leanfaidh an Úcráin de na réamhchoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1) a urramú;
- (i) Ní aisiompaíonn an Úcráin aon bheart a rinneadh faoi aon ionstraim tacaíochta eile atá ann faoi láthair nó a bhí ann roimhe seo arna soláthar ag an Aontas nó ag CAI maidir le frithéilliú;
- (j) Beidh an Úcráin faoi dhliteanas príomhshuim na hÍasachta Tacaíochta don Úcráin a aisíoc laistigh de 30 lá, má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas, agus gach ceann acu ina thruícear aisíocaíochta chun críocha an Rialacháin seo:
 - i. airgead tirim a fhaigheann an Úcráin as cúiteamh cogaidh, slánaíochtaí nó aon socrú airgeadais ón Rúis, suas le méid na socraíochta sin; nó
 - ii. 90 lá ón tráth a fhaigheann an Úcráin sócmhainní neamhairgeadaíochta le haghaidh cúiteamh cogaidh, slánaíochtaí nó aon socraíocht airgeadais ón Rúis, cé is moite de chríoch, suas le méid na socraíochta sin a chinnfear le luacháil neamhspleách. Arna iarraidh sin don Úcráin, féadfaidh an Coimisiún síneadh a dheonú ar an tréimhse ama sin má tá údar docht leis; nó

- iii. go bhfuil an Úcráin ag sárú fhomhír (h); nó
 - iv. suíodh, i ndáil le bainistiú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin, go raibh an Úcráin ag gabháil d'aon ghníomh calaoise, éillithe nó le haon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh dochar do leasanna airgeadais an Aontais.
- (k) Tá an Úcráin faoi dhliteanas an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a aisíoc:
- i. i gcás fhomhír (j), pointí (i) agus (ii), le haghaidh méid de luach airgeadúil na gcúiteamh cogaidh, na slánaíochtaí nó aon socraíochta airgeadais ón Rúis atá cothrom le cion na hIasachta Tacaíochta don Úcráin atá gan íoc in aghaidh shuim luach na hIasachta Tacaíochta don Úcráin atá gan íoc, aon iasacht chúiteamh-nasctha gan íoc arna soláthar ag comhaltaí de G7 agus aon dliteanais gan íoc faoi mhear-iasachtaí G7;
 - ii. i gcás fhomhír (j), pointe (iii), don mhéid iomlán den Iasacht Tacaíochta don Úcráin atá gan íoc;
 - iii. i gcás fhomhír (j), pointe (iv), maidir le luach na calaoise, an éillithe nó aon ghníomhaíochta neamhdhleathaí eile a dhéanfadh dochar do leasanna airgeadais an Aontais.
- (l) fanfaidh aon mhéid den Iasacht Tacaíochta don Úcráin nach gcumhdaítear leis an dliteanas dá dtagraítear i bhfomhír (k) i bhfeidhm go dtí go dtarlóidh teagmhais trucearta aisíocaíochta amach anseo;
- (m) i gcás íocaíochtaí nó aisghabhálacha, sonrúidh an Úcráin na híocaíochtaí ábhartha ón Iasacht Tacaíochta don Úcráin atá á n-aisíoc nó á n-aisghabháil;
- (n) tá sé de cheart ag an Aontas úsáid a bhaint as sócmhainní Rúiseacha atá blocáilte san Aontas chun an iasacht a aisíoc, i gcomhréir iomlán le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta;
- (o) Maidir leis na nósanna imeachta soláthair agus na conarthaí le haghaidh táirgí eile chun críoch cosanta a eascraíonn as an soláthar a fhaigheann tacaíocht faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin, áiríteoidh an Úcráin go mbeidh coinníollacha incháilitheachta iomchuí iontu chun leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.
- (a) Áireofar sa Chomhaontú maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin freisin aon cheanglas eile is gá chun an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chur chun feidhme, lena n-áirítear na ceanglais sin is gá chun Airteagal 17 den Rialachán seo a chur chun feidhme.
3. Is foras don Choimisiún é neamhchomhlíonadh théarmaí an Chomhaontaithe maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin chun scaoileadh na tráthchoda nó na dtráinsí a chur ar fionraí nó a chealú, go hiomlán nó go páirteach. Ina theannta sin, beidh neamhchomhlíonadh théarmaí aisíocaíochta an Chomhaontaithe Iasachta Tacaíochta don Úcráin ina fhoras chun méid iomlán na hIasachta Tacaíochta don Úcráin atá gan íoc, nó cuid den mhéid sin, a bheith dlite agus iníoctha.
4. Déanfar an Comhaontú maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin a chur ar fáil, arna iarraidh sin, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

Airteagal 21
Iarraidh ar chistí

1. Chun cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a fháil, cuirfidh an Úcráin iarraidh chuíf-réasúnaithe ar chistí faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh an Úcráin iarraidh den sórt sin ar chistí a chur faoi bhráid an Choimisiúin, i bprionsabal, sé huair sa bhliain. Le haghaidh cúnamh buiséadach i bhfoirm iasachta atá le cur chun feidhme de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792, cuirfear an iarraidh ar chistí isteach i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) 2024/792.
2. Maidir le cúnamh macrairgeadais, beidh tuarascáil i gcomhréir le forálacha an mheabhráin tuisceana ag gabháil leis an iarraidh ar chistí.
3. Le haghaidh cúnamh chun tacú le hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint:
 - (a) féadfaidh an iarraidh ar chistí táirgí iomadúla a chumhdach. I gcás gach táirge atá cumhdaithe, is éard a bheidh san iarraidh ar chistí conradh nó comhaontú i gcomhréir le hAirteagal 13 agus sceideal i gcomhréir le hAirteagal 14. Féadfar na conarthaí nó na comhaontuithe sin a shíniú nó féadfar iad a dhéanamh i ndrúachtfoirm chríochnaithe;
 - (b) má iarrtar cistiú leis an iarraidh ar chistí le haghaidh méid is mó ná 20 % den mhéid a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 8, tabharfaidh an Úcráin údar mionsonraithe leis sin, lena n-áirítear maidir leis an tionchar ar iarrataí ar chistí amach anseo faoin gcinneadh sin.

Airteagal 22
Fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta

1. De mhaolú ar Airteagal 223(4), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, féadfaidh an tAontas na costais a sheasamh a eascraíonn as na gcistí a fhaightear agus a thugtar maidir leis an Úcráin iasacht a fháil, costais a bheadh le híoc ag an Úcráin murach sin ('fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta'). Cuimsíonn na costais sin costais seirbhíse (costas cistiúcháin, costas bainistithe leachtachta, agus costas seirbhíse le haghaidh forchostais riaracháin a bhaineann le hiasachtaí a fháil agus a thabhairt).
2. Féadfaidh an Úcráin an fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta dá dtagraítear i mír 1 a iarraidh gach bliain. Féadfaidh an Coimisiún an fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta a dhámhachtain le haghaidh méid nach mó ná teorainneacha na leithreasuithe arna gcur ar fáil i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh.

Cinneadh maidir le cúnamh a scaoileadh

1. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le cúnamh a scaoileadh faoi réir a mheasúnaithe ar na ceanglais seo a leanas:
 - (a) le haghaidh cúnamh macrairgeadais:
 - i. comhlíonadh an réamhchoinníll a leagtar amach in Airteagal 5(1);
 - ii. comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha beartais a leagtar amach sa mheabhrán tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 11; agus
 - iii. comhlíonadh an Chomhaontaithe maidir le hÍasacht Tacaíochta don Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 20.
 - (b) i gcás cúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint:
 - i. comhlíonadh an réamhchoinníll a leagtar amach in Airteagal 5(1);
 - ii. dearbhú go bhfuil na conarthaí nó na comhaontuithe le haghaidh táirgí i gcomhréir le hAirteagal 13 agus nach ndéanann an Coimisiún agóid in aghaidh na modhanna cur chun feidhme;
 - iii. deimhniú go n-urramaíonn an Úcráin ar bhonn leathan na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, agus aon leasú air;
 - iv. comhlíonadh na n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 16 agus an Chomhaontaithe maidir le hÍasacht Tacaíochta don Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 20; agus
 - v. a mhéid is gá, leordhóthanacht réasúnú mhionsonraithe na hÚcráine, agus an staid san Úcráin agus an maoiniú seachtrach a gealladh agus a bhfuil coinne leis atá ar fáil á gcur san áireamh.

Le haghaidh cúnamh buiséadach i bhfoirm iasachta atá le cur chun feidhme de bhun Chaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792, cuirfear scaoileadh an chúnamh chun feidhme i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (AE) 2024/792.
2. Faoi réir chomhlíonadh an mhéid cúnamh inrochtana dá bhforáiltear sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8, i gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú dearfach ar an iarraidh ar chistí, glacfaidh sé cinneadh, gan moill mhíchuí, lena n-údarófar an Íasacht Tacaíochta don Úcráin a eisíoc. Maidir le cúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint, beidh an méid atá le heisíoc cothrom le luach na gconarthaí nó na gcomhaontuithe a áirítear san iarraidh ar chistí.
3. Féadfaidh an Coimisiún dul ar aghaidh leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 2 i gcás phointí (a) agus (b) faoi mhír 1, i dteannta a chéile nó ar bhonn aonair.

4. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún measúnú diúltach ar an iarraidh ar chistí, cuirfidh sé an Úcráin ar an eolas, gan moill mhíchuí, agus tabharfaidh sé cúiseanna lena mheasúnú. Ní chuirfidh measúnú diúltach cosc ar an Úcráin iarraidh nua ar chistí a chur isteach.

Airteagal 24

An Iasacht Tacaíochta don Úcráin a mhaoiniú

1. Chun an cúnamh faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin a mhaoiniú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na cistí is gá a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe i gcomhréir le hAirteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
2. Is in euro a dhéanfar na hoibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar cistí le haghaidh na hIasachta Tacaíochta don Úcráin.
3. De mhaolú ar Airteagal 31(3), an dara habairt, de Rialachán (AE) 2021/947, ní thacóidh an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha leis an gcúnamh airgeadais a sholáthraítear don Úcráin faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin. Ní bhunófar aon soláthar don Iasacht Tacaíochta don Úcráin agus, de mhaolú ar Airteagal 214(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní shocrófar aon ráta soláthair.

Airteagal 25

Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair a chur i bhfeidhm

1. Faisnéis rúnaicmithe a chruthaítear, a láimhseáiltear, a stóráiltear, a mhalartaítear nó a roinntear faoin Rialachán seo, déanfar í a chosaint i gcomhréir leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444³³ ón gCoimisiún nó sa Chomhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh, de réir mar is iomchuí.
2. Úsáidfí an Coimisiún córas malartaithe slán chun malartú faisnéise rúnaicmithe agus faisnéise íogaire a éascú idir an Coimisiún agus an Úcráin agus, i gcás inarb iomchuí, leis na Ballstáit Rannpháirteacha.
3. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, a bhfuil gá léi do na cúraimí a shanntar dó faoin Rialachán seo, go háirithe chun na

³³ Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj>).

coinníollacha a fhíorú maidir le híocaíochtaí a eisíoc agus na seiceálacha, na hathbhreithnithe, na hiniúchtaí, na himscrúduithe agus na tuarascálacha a dhéanamh, chomh maith leis na rialuithe agus na hiniúchtaí, dá dtagraítear in Airteagal 20.

4. Is chun na críche ar iarradh í, agus chun na críche sin amháin, a úsáidfear an fhaisnéis arna fáil de thoradh an Rialachán seo a chur i bhfeidhm.
5. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit Rannpháirteacha go gcosnófar rúin trádála agus ghnó agus faisnéis íogair eile a gheofar agus a ghinfear agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta lena mbaineann.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 26

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó 7 lá tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin gníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na

hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 27
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. Tabharfar cuireadh do GEC a bharúlacha agus a shaineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir. Tabharfar cuireadh freisin do SEGS cúnamh a thabhairt in obair an choiste.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 28
Idirphlé maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin

1. Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme an Rialacháin seo a phlé.
2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a tuairimí a chur in iúl i rúin a mhéid a bhaineann leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin.
3. Déanfaidh an Coimisiún aird a thabhairt ar aon ghné a eascraíonn as na tuairimí a cuireadh in iúl tríd an idirphlé maidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, lena n-áirítear na rúin ó Pharlaimint na hEorpa, má sholáthraítear iad.

Airteagal 29
Faisnéis chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle

1. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear Airteagal 4(4), Airteagal 6(1), Airteagal 7(5), Airteagal 11(4), Airteagal 20(3) agus Airteagal 23(2), agus soláthróidh sé na doiciméid ábhartha do na hinstitiúidí sin gan moill mhíchúí. Déanfar faisnéis a tharchuireann an Coimisiún chuig an gComhairle i gcomhthéacs an Rialacháin seo nó i

gcomhthéacs a chur chun feidhme a chur ar fáil go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa, faoi réir socruithe rúndachta más gá.

2. Faoi 30 Meitheamh 2027 agus 30 Meitheamh 2028, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear meastóireacht ar an gcur chun feidhme sin. Sa tuarascáil sin, déanfar an méid seo a leanas:

- (a) scrúdófar an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chur chun feidhme;
- (b) soláthrófar faisnéis faoin bhfaireachán dá dtagraítear in Airteagal 17; agus
- (c) déanfar staid eacnamaíoch agus ionchais na hÚcráine a mheas, mar aon leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis na coinníollacha beartais dá dtagraítear in Airteagal 11(1) a chur chun feidhme.

3. Faoi 30 Meitheamh 2029, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil meastóireachta, ina ndéanfar measúnú ar thorthaí agus ar éifeachtúlacht na hIasachta Tacaíochta don Úcráin arna soláthar faoin Rialachán seo, agus ar a mhéid a rannchuidigh sé le haidhmeanna an chúnamh a bhaint amach.

Airteagal 30 ***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

I gcás na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhua cinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 331(1) CFAE, an dara fomhír nó an tríú fomhír, beidh feidhm ag an Rialachán seo ón dáta a shonraítear sa chinneadh lena mbaineann.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit atá rannpháirteach i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hÍasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais mar aon le tacaíocht don Tionscal Cosanta.

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

An Íasacht Tacaíochta don Úcráin a bhunú agus cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a chur ar fáil don Úcráin d'fhonn tacú leis an Úcráin a riachtanais mhaoiniúcháin le haghaidh 2026 agus 2027 a chumhdach, ar riachtanais iad a eascraíonn go háirithe as cogadh foghach na Rúise agus as neamhíoc an chúitimh atá dlite ón Rúis. Leis an Íasacht Tacaíochta don Úcráin, soláthrófar cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch don Úcráin ar bhealach intuatha, leanúnach, ordúil, solúbtha agus tráthúil.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Tacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais san Úcráin trí na srianta seachtracha agus inmheánacha atá uirthi maidir le maoiniú a mhaolú, agus tacú le hacmhainneachtaí thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint trí chomhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnaimh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Cuirfear tacaíocht airgeadais leordhóthanach leanúnach ar fáil don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 mar fhreagairt ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus ina diaidh. Meastar go mbeidh an Íasacht Tacaíochta don Úcráin ina thacú ag an Úcráin ó thaobh riachtanais bhuiséadacha agus chosanta de san am atá díreach romhainn.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Ceanglófar ar údaráis na hÚcráine tuairisciú go tráthrialta ar chur chun feidhme an chúnaimh a deonaíodh roimhe seo faoin Íasacht Tacaíochta don Úcráin. Fanfaidh ranna an Choimisiúin i ndlúth-theagmháil le hArdán Ilghníomhaireachtaí Comhordaithe Deontóirí don Úcráin chun tairbhiú de na léargais a thiocfaidh as gníomhaíochtaí leantacha gach ceann de na deontóirí.

A mhéid a bhaineann leis an gcuspoir i ndáil le maolú na srianta ar mhaoiniú, ceanglófar ar údaráis na hÚcráine tuarascáil a sholáthar maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha beartais a comhaontaíodh sula n-eisíocfar an tráthchuid den chúnamh macrairgeadais. Leanfaidh ranna an Choimisiúin d'fhaireachán a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais phoiblí, tar éis an mheasúnaithe oibríochtúil a rinneadh ar na scagchuarda airgeadais agus na nósanna imeachta riaracháin san Úcráin, measúnú a seachadadh i mí an Mheithimh 2020, agus a thabharfar cothrom le dáta.

Tá sé beartaithe tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar an Iasacht Tacaíochta don Úcráin.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

“ gníomhaíocht nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart³⁴

“ síneadh ar bheart atá ann cheana

“ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Chun an Iasacht Tacaíocht don Úcráin a chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún Comhaontú maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin leis an Úcráin ina sonrúfár téarmaí airgeadais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin.

A luaithe a bheidh an Comhaontú maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin i bhfeidhm, déanfar eisíocaíochtaí ón Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar choinníoll go gcuirfear isteach Straitéis na hÚcráine um Maoiniú agus go ndéanfar measúnú dearfach uirthi. Thairis sin, i gcás cúnamh buiséadach, ní mór meabhrán tuisceana a chomhaontú idir an Coimisiún agus údaráis na hÚcráine maidir le cúnamh macrairgeadais agus Plean na hÚcráine a thabhairt cothrom le dáta faoin tSaoráid don Úcráin. Ansin beidh na heisíocaíochtaí coinníollach ar choinníollacha ábhartha i gcás cúnamh buiséadach agus i gcás cúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint araon.

Is é an Coimisiún a bhainistíodh an Iasacht Tacaíochta don Úcráin. Tá feidhm ag forálacha sonracha maidir le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear na forálacha ábhartha maidir le leas airgeadais an Aontais a áirithiú mar a leagtar síos sa Chreat-Chomhaontú faoi Rialachán (AE) 2024/792. Bheadh an Coimisiún agus údaráis na hÚcráine ar aon fhocal faoi na ceanglais maidir le tuairisciú arna leagan amach sa Mheabhrán Tuisceana.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*): Freagraíonn an togra seo don ghá le freagairt chomhchoiteann maidir le tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin ar scála leordhóthanach, rud is fearr is féidir leis an Aontas a bhaint amach ná na

³⁴

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Ballstáit agus iad ag feidhmiú as a stuaim féin. Is iad na príomhchúiseanna atá leis sin na srianta ar an gcumas fioscach agus na srianta buiséadacha nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal náisiúnta agus an gá atá le comhordú láidir chun scála agus éifeachtacht na tacaíochta a uasmhéadú, agus an tráth céanna an t-ualach ar acmhainn riaracháin údaráis na hÚcráine, atá faoi bhrú mór sna cúinsí atá ann faoi láthair, a theorannú.

Tá an tionscnamh mar chuid de chuspóir an Aontais tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin agus treisíonn sé gníomhaíochtaí an Aontais maidir le tacaíocht eacnamaíoch agus cosanta, chomh maith le tionscnaimh an Aontais chun gníomhaíochtaí iltaobhacha a chomhordú.

Breisluch AE a mheastar a ghinfear (*ex post*): Is é an breisluch AE a bhfuil coinne leis, go háirithe i gcomparáid le hionstraimí eile de chuid an Aontais, tacú pras le cobhsaíocht macrairgeadais trí na srianta seachtracha agus inmheánacha atá ar an Úcráin maidir le maoiniú a mhaolú agus tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint – laistigh de chreat iomchuí le haghaidh ceanglais maidir le tuairisciú.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais don Úcráin roimhe seo faoi réir meastóireacht *ex post*. Maidir leis na meastóireachtaí *ex post* a rinneadh san am atá thart ar oibríochtaí cúnaimh macrairgeadais don Úcráin roimhe seo, is léir go raibh siad an-ábhartha i dtéarmaí a gcuspóirí, a mbuiséid agus a gcuspóirí beartais. Bhí siad ríthábhachtach maidir le tacú leis an Úcráin agus aghaidh á tabhairt aici ar a fadhbanna i ndáil le comhardú na n-íocaíochtaí agus athchóirithe struchtúracha tábhachtacha a chur chun feidhme chun an geilleagar a chobhsú agus chun inbhuanaitheacht a seasaimh sheachtraigh a fheabhsú. Cuireadh coigilteas fioscach agus sochair airgeadais san áireamh iontu, agus ina theannta sin, spreagadh tacaíocht airgeadais bhreise agus muinín infheisteoirí mar thoradh orthu.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Maoineofar na hacmhainní don Iasacht Tacaíochta don Úcráin trí iasachtaíocht faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe dá dtagraítear in Airteagal 224 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Agus na rioscaí airgeadais agus an cumhdach buiséadach atá ann á mbreithniú, níor cheart aon soláthar a dhéanamh don tacaíocht i bhfoirm iasachtaí faoin Rialachán seo, a bheadh le ráthú de bhreis ar na huasteorainneacha, agus, de mhaolú ar Airteagal 214(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, níor cheart aon ráta soláthair a shocrú.

D'fhoill tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin ar ardleibhéal lamháltais, déanfar foráil i mbuiséad an Aontais maidir le fóirdheontas le haghaidh na gcostas a eascraíonn as iasachtaí a fháil le haghaidh iasacht don Úcráin a bheadh le híoc ag an Úcráin murach sin. I measc na gcostas sin tá costais seirbhísithe fiachais (costas an chistiúcháin agus costais a bhaineann le leachtacht a eisiúint agus a bhainistiú) agus na costais riaracháin ghaolmhara. Cumhdófar na costais seirbhísithe fiachais le hionstraim speisialta thiomnaithe de bhreis ar uasteorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil, i gcomhréir le togra a ghabhann leis chun Rialachán 2020/2093 a leasú. Agus í á slógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh, breithneofar infhaighteachtaí buiséadacha in ionstraimí speisialta eile, na rialacha earnála is infheidhme, aon oibleagáid dhlíthiúil nó aon oibleagáid eile lena n-áirítear

faoi Ionstraim EURI, tosaíochtaí, buiséadú stuama agus bainistíocht fhóna airgeadais.

Cruthófar líne bhuiséid nua chun an caiteachas a bhaineann leis na costais seirbhísithe fiachais a eascraíonn as an gcomhar feabhsaithe a shainaithint go soiléir agus go trédhearcach. Íocfar costais riaracháin as buiséad an Aontais agus cumhdófar costais foirne faoi Cheannteideal 7 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

An 23 Deireadh Fómhair 2025, d'iarr 26 Bhallstát ar an gCoimisiún roghanna maidir le tacaíocht airgeadais don Úcráin a chur faoina mbráid a luaithe is féidir. Chuir an Coimisiún roinnt roghanna faoina mbráid, inar chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach an 18 Nollaig 2025 iasacht EUR 90 billiún a chur ar fáil don Úcráin do na blianta 2026-2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil le tacaíocht ó lamháil bhuiséad an Aontais.

1.6. **Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☒ **fad teoranta**

- ☒ tionchar airgeadais ó 2026 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2026 go 2028 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Ina theannta sin, féadfar fóirdheontas ráta úis don Úcráin a sholáthar go bliantúil thar thréimhse na hiasachta.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

1.7. **Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Ní bhaineann le hábhar

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Tá feidhm ag na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe faoi Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Déanfaidh ranna an Choimisiúin faireachán ar an ngníomhaíocht ar bhonn chur chun feidhme cúnaimh a deonaíodh roimhe seo faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin.

Thairis sin, cuirfear san áireamh san fhaireachán ar an ngníomhaíocht na bearta sonracha atá le comhaontú le húdaráis na hÚcráine sa Mheabhrán Tuisceana. Déanfaidh an Coimisiún comhlíonadh na gcoinníollacha beartais a leagtar amach sa Mheabhrán Tuisceana a fhíorú. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi thorthaí an fhíoraithe sin.

Ar deireadh, cuirfear san áireamh san fhaireachán ar an ngníomhaíocht an idirphlé le húdaráis na hÚcráine, lena n-áirítear na hiarrataí ar chistí lena mbaineann agus an fhaisnéis atá iontu, maidir leis an gcúnamh chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint.

Chun a áirithiú go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in ann cur chun feidhme an Rialacháin seo a leanúint, ba cheart don Choimisiún iad a chur ar an eolas go tráthrialta faoi aon dul chun cinn a dhéantar maidir le cúnamh ón Aontas don Úcráin faoin Rialachán seo, agus na doiciméid ábhartha a sholáthar dóibh.

Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar leordhóthanacht na gceanglas tuairiscithe agus faireacháin sin agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith, agus ar an gcaoi sin trédhearcacht agus cuntasacht a ghealladh.

Faoi 30 Meitheamh 2029 ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil meastóireachta *ex post*, ina ndéanfar measúnú ar thorthaí agus ar éifeachtúlacht na hIasachta Tacaíochta don Úcráin arna tabhairt i gcrích, dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, agus ar a mhéid a rannchuidigh sé le haidhmeanna an chúnaimh a bhaint amach.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Déanfaidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí atá le maoiniú faoin togra seo a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht airgeadais faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil. Is féidir scaoileadh na gcistí a eagrú ar bhealach tapa le linn 2026 chun go dtiocfaidh deireadh leis in 2028 ar a dhéanaí.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, atá fíor-riachtanach le haghaidh na gcúramaí a shanntar dó faoin Rialachán seo, go háirithe na cúramaí a bhaineann le fíorú na gcoinníollacha maidir le híocaíochtaí a eisíoc agus na seiceálacha, na hathbhreithnithe, na hiniúchtaí, na himscrúduithe, na

tuarascálacha a dhéanamh, chomh maith leis na rialuithe agus na hiniúchtaí, dá dtagraítear in Airteagal 20.

Chun leasanna airgeadais an Aontais atá nasctha leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a chosaint, ba cheart forálacha atá ailínithe leis na cearta, na freagrachtaí agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa chreat-chomhaontú faoin tSaoráid don Úcráin a bheith sa Chomhaontú maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hÚcráine. Úsáidfí an Úcráin na córais bhainistíochta agus rialaithe chéanna leo siúd a mholtar i bPlean na hÚcráine a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2024/792.

Beidh sé de cheangal ar an Úcráin tuarascálacha míosúla a sholáthar ina mbeidh faisnéis ar fáil ina gcumhdaítear na híocaíochtaí uile. Osclóidh sí cuntas speisialta chun bainistiú a dhéanamh ar an gcúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a fhaightear chun tacú le hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint agus chun na críche sin amháin. Íocaíochtaí uile na gconarthaí nó na gcomhaontuithe a iarrtar maidir le cúnamh chun tacú le hacmhainneacht thionsclaíoch na hÚcráine i dtaca leis an gcosaint, is ón gcuntas sin a íocfar iad. Tabharfar cearta faireacháin ar an gcuntas sin don Choimisiún.

Ina theannta sin, má shuítear go raibh an Úcráin ag gabháil do ghníomhaíochtaí calaoise, éillithe nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile i ndáil le bainistiú an Iasachta Tacaíochta don Úcráin, chun dochair do leasanna airgeadais an Aontais, is féidir leis an Aontas aisíoc luath ar an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a éileamh.

Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le rúndacht faisnéise, ba cheart faisnéis rúnaicmithe a chruthaítear, a láimhseáiltear, a stóráiltear, a mhalartaítear nó a roinntear faoin Rialachán seo a chosaint i gcomhréir leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún nó sa Chomhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh, de réir mar is iomchuí. Ba cheart don Choimisiún córas malartaithe slán a úsáid chun malartú faisnéise rúnaicmithe agus faisnéise íogaire a éascú idir an Coimisiún agus an Úcráin agus, i gcás inarb iomchuí, leis na Ballstáit atá Rannpháirteach.

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Leis na córais rialaithe atá i bhfeidhm, tá ráta earráide éifeachtach de 0 % á áirithiú go dtí seo i dtaca le híocaíochtaí den chineál cúnaimh macrairgeadais. Ní heol aon chás calaoise, éillithe ná gníomhaíochta neamhdhleathaí a bheith ann. Tá loighic shoiléir idirghabhála ag na hoibríochtaí, loighic a fhágann go bhfuil an Coimisiún in ann meastóireacht a dhéanamh ar a dtionchar. A bhuí leis na rialuithe, táthar in ann a dheimhniú go bhfuil leibhéal muiníne ann agus go bhfuil na cuspóirí agus na tosaíochtaí beartais á mbaint amach.

Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Leis an gComhaontú maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus údaráis na hÚcráine, ceanglófar ar an Úcráin úsáid a bhaint as na córais bhainistíochta agus rialaithe chéanna a mholtar i bPlean na hÚcráine a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2024/792 a tháinig i bhfeidhm an 20 Meitheamh 2024

chun a áirithiú go gcosnófar go héifeachtúil leasanna airgeadais an Aontais a bhaineann leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, ar córais iad lena soláthrófar na bearta iomchuí a bhaineann le calaois, éilliú agus aon neamhrialtacht eile a bhaineann leis an gcúnamh a chosc agus a chomhrac. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tabharfaidh sé na cearta agus an rochtain is gá don Choimisiún, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, i gcás inarb infheidhme, d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, lena n-áirítear ó thríú páirtithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme chistí an Aontais le linn agus i ndiaidh na tréimhse ina mbeidh an Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar fáil. Ba cheart don Úcráin neamhrialtachtaí maidir le húsáid na gcistí a thuairisciú don Choimisiún freisin, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa chreat-chomhaontú faoin tSaoráid don Úcráin.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ³⁵	ó thíortha de chuid CSTE ³⁶	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a ³⁷	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
2.2	[06.01.03] – Caiteachas tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais de chuid an Aontais Eorpaigh	LN	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

De bhreis ar uasteorainn eacha CAI	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
O	[16.07- Iasacht tacaíochta don Úcráin	LD	NÍL	NÍL	NÍL	TÁ
O	[16.07.01] — Costas seirbhísithe fiachais na hIasachta Tacaíochta don Úcráin	LD	NÍL	NÍL	NÍL	TÁ

³⁵ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

³⁶ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

³⁷ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	
--	--------	--

Ard-Stiúrthóireacht: <.....>			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021-2027
			2024	2025	2026	2027	
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid 16.07.01	Gealltanais	(1a)			0	1 000,000(*)	1 000,000(*)
	Íocaíochtaí	(2a)			0	1 000,000(*)	1 000,000(*)
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					0,000
	Íocaíochtaí	(2b)					0,000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach							
Líne bhuiséid 06.01.03		(3)			1,000	1,000	2,000
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.....>	Gealltanais	=1a+1b+3	0,000	0,000	1,000	1 001,000	1 002,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	1,000	1 001,000	1 002,000
			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021-2027
			2024	2025	2026	2027	
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0	1 000,000(*)	1 000,000(*)
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0	1 000,000(*)	1 000,000(*)

IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0,000	0,000	1,000	1,000	2,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL <....> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	0,000	0,000	1,000	1 001,000	1 002,000
	Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	1,000	1 001,000	1 002,000
			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021-2027
• IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
• IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi Ceannteidil 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

(*) Is méideanna táscacha iad sin agus tá siad bunaithe ar réamhrátaí úis atá ann faoi láthair agus glactar leis go n-eisíocfar EUR 45 bhilliún in 2026 (EUR 15 bhilliún in aghaidh na ráithe ón dara ráithe de 2026). Beidh leithreasuithe iarbhir in 2027 ag brath ar dhálaí an mhargaidh tráth na hiasachtaíochta agus ar luas iarbhir na heisíocaíochta, agus féadfaidh siad a bheith chomh hard le EUR 1.3 billiún i gcás ina dtiocfaidh méadú 100 bonnphointe ar rátaí úis i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’					
			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021-2027
• Acmhainní daonna			0,000	0,000	11,366	11,366	22,732

• Caiteachas riaracháin eile		0,000	0,000	0,336	0,336	0,672
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,000	0,000	11,702	11,702	23,404

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na n-íocaíochtaí)	0,000	0,000	11,702	11,702	23,404
--	--	--------------	--------------	---------------	---------------	---------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021-2027
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDIL 1 go 7	Gealltanais	0,000	0,000	12,702	1 012,702	1 025,404
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	0,000	0,000	12,702	1 012,702	1 025,404

3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	
---	--------	--

Ard-Stiúrthóireacht: <.....>		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021-2027
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí						
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)				0,000
	Íocaíochtaí	(2a)				0,000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)				0,000
	Íocaíochtaí	(2b)				0,000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach						

Líne bhuiséid		(3)					0,000
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.....>	Gealltanais	=1a+1b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021-2027
			2024	2025	2026	2027	
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL <....> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021-2027
			2024	2025	2026	2027	
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL <....> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021-2027
			2024	2025	2026	2027	

• IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
• IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi Ceannteidil 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
---	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ard-Stiúrthóireacht: <.....>		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021-2027
• Acmhainní daonna		0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
• Caiteachas riaracháin eile		0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN AS <.....>	Leithreasuithe	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na n-íocaíochtaí)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
---	--	-------	-------	-------	-------	-------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021-2027
--	----------------	----------------	----------------	----------------	-------------------------------------

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7	Gealltanais	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.2. *An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí díláraithe)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	↓	Cineál 38	Meán chosta s	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costa s	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ³⁹ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach																		

³⁸ Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a maoiníodh, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

³⁹ Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’

Uimh. 2																
IOMLÁIN																

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2021 - 2027
CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	11,366	11,366	22,732
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,336	0,336	0,672
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	11,702	11,702	23,404
Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	11,702	11,702	23,404

3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha

IONCAM SANNTA SEACHTRACH	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2021 - 2027
CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe

IOMLÁN LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR + IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN 2021 - 2027
CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	11,366	11,366	22,732
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,336	0,336	0,672
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	11,702	11,702	23,404
Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANTEIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	11,702	11,702	23,404

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		0	0	43	43
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)		0	0	10	10
01 01 01 01 (Taighde indíreach)		0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)		0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha)					
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		0	0	2	2
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	- sa Cheanncheathrú	0	0	0	0
	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach)		0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Ceannteideal 7		0	0	0	0
IOMLÁN		0	0	55	55

3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha

IONCAM SANNTA SEACHTRACH		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		0	0	0	0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0
01 01 01 01 (Taighde indíreach)		0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)		0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)					
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		0	0	0	0
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0
Riarachán Líne	- sa Cheanncheathrú	0	0	0	0

thacaíochta [XX.01.YY.YY]	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indéireach)		0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Ceannteideal 7		0	0	0	0
IOMLÁN		0	0	0	0

3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach

IOMLÁN NA LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		0	0	43	43
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)		0	0	10	10
01 01 01 01 (Taighde indéireach)		0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)		0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)					
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')		0	0	2	2
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	- sa Cheanncheathrú	0	0	0	0
	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indéireach)		0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Ceannteideal 7		0	0	0	0
IOMLÁN		0	0	55	55

Tiocfaidh 12 phost agus 2 FTE ó ath-implonú ó dhíorma teoranta ath-implonnaithe an Choimisiúin.

Chun an togra seo a chur chun feidhme, tá gá le 41 phost bhreise anuas ar an bplean bunaíochta, agus iad uile le maoiniú faoi Ceannteideal 7 thar fhoireann chobhsaí. Molfar ráiteas chuige sin mar chuid den nós imeachta reachtach.

Maoineofar an fhoireann ar fad faoi Ceannteideal 7.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

	Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin	Foireann bhreise eisceachtúil*		
		Le maoiniú faoi Ceannteideal 7 nó Taighde	Le maoiniú ó líne BA	Le maoiniú ó tháillí
Poist sa phlean	12 phost	41 phost	Ní bhaineann le	

bunaíochta			hábhhar	
Foireann sheachtrach (CA, SNInna, INT)	2 CA			

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	53 oifigeach agus ball foirne sealadach le bheith ag obair ar na nithe seo a leanas: - Clársceidealú/grúpa saineolaithe/Coiste - Cur chun feidhme: cúraimí cothrománacha, saineolas téamach/teicniúil do dheasca an Aontais agus na hÚcráine - Straitéis na hÚcráine um Maoiniú - Obair ar chúnamh macrairgeadais - Obair ar thacaíocht cosanta - Iniúchadh agus rialú - Obair dhlíthiúil - Dearadh scagchuarda airgeadais - Cúramai cuntasáíochta - Inbhuanaitheacht na lamhála - Iasachtaíocht agus iasachtaí a bhainistiú - Glaonna ar airgead tirim, tuairisciú socraíochta, etc. - Conarthaí a bhainistiú
Pearsanra seachtrach	2 FTE chun tacú leis an obair ar chlársceidealú/grúpa saineolaithe/coiste

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfeistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar ‘Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla’ is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 ‘Gnéithe digiteacha’.

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021 - 2027
CEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0,000	0,000	0,336	0,336	0,672

Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	0,000	0,000	0,336	0,336	0,672
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	0,336	0,336	0,672

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)
- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid
- ☒ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos.

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe					
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe					

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

- ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁴⁰			
		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
Líne bhuiséid					

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Leis an tionscnaimh, cuirtear tacaíocht ar fáil do thríú tír agus ní bhunaítear seirbhísí poiblí digiteacha nua ar leibhéal an Aontais do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha laistigh den Aontas. Mar sin féin, tacaíonn gnéithe digiteacha leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin i gcás ina bhfuil gá le malartú faisnéise, fíorú, stóráil agus soláthar faisnéise don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa i gcás inarb infheidhme le haghaidh bainistiú cúnamh airgeadais, le haghaidh tacaíocht don chumas tionsclaíoch cosanta, agus le haghaidh tionscnaimh iasachta.

Ceanglas 1 – Próisis dhigiteacha le haghaidh maoiniú agus cur chun feidhme (Caibidil V agus go háirithe Airteagal 26)

Tuairisc: tuarascálacha, ráitis nó doiciméid tacaíochta a tharchur go leictreonach trí úsáid a bhaint as bealaí slána agus córais an Choimisiúin le haghaidh sreafaí oibre amhail iarrataí, fíorú, cinneadh cur chun feidhme nó eisíocaíochtaí.

Páirtithe leasmhara: ranna an Choimisiúin agus an Chomhairle; údaráis is tairbhíthe, agus SEGS chun faireachán a dhéanamh ar na réamhchoinníollacha a shainítear in Airteagal 5.

Próisis: Tuairisciú, faireachán, bainistíocht airgeadais, malartú faisnéise.

Ceanglas 2 – Riar na tacaíochta don chumas tionsclaíoch cosanta (Caibidil IV, go háirithe Airteagal 16)

Tuairisc: Ní mór do na húdaráis is tairbhíthe doiciméadacht dhigiteach a tharchur lena léirítear an dul chun cinn atá déanta maidir le cumais thionsclaíocha chosanta dá dtugtar tacaíocht, agus teimpléid chaighdeánacha ón gCoimisiún á leanúint lena gcumasaítear fíorú uathoibrithe.

Páirtithe leasmhara: Údaráis is tairbhíthe; ranna an Choimisiúin.

Próisis: Faireachán ar chur chun feidhme agus ar bhailíochtú soláthairtí i gcomhréir leis an

⁴⁰ A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

Rialachán.

Ceanglas 3 – Malartú le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, lena n-áirítear faisnéis atá ábhartha don iniúchadh (go háirithe Caibidil VI, Airteagail 28 agus 29)

Tuairisc: Ní mór don Choimisiún tuarascálacha agus faisnéis íogair a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle trí chórais shlána, i gcás inar gá.

Páirtithe leasmhara: ranna an Choimisiúin; Parlaimint na hEorpa; an Chomhairle; údaráis is tairbhíthe (réamhtheachtacha).

Próisis: Tuairisciú; malartú faisnéise maidir le hiniúchtaí; tarchur doiciméad rúnaicmithe/íogaire.

4.2. Sonraí

I gcás Ceanglais 1–3, áirítear sna sonraí figiúirí airgeadais, doiciméadacht eisíocaíochta, sonraí maidir le cumas tionsclaíoch cosanta, agus faisnéis eile (lena n-áirítear ábhar a d'fhéadfadh a bheith íogair/rúnaicmithe).

Tá malartuithe sonraí faoi cheangal cuspóra, íosta, idir-inoibritheach, déantar iad trí chórais shlána an Aontais atá ann cheana, rud lena sheachnaítear bailiú sonraí dúblach, agus tá siad ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí.

Déanfar tacair sonraí agus bealaí tuairiscithe an Choimisiúin atá ann cheana a athúsáid agus is é an aidhm atá ann nach n-iarrfar arís na sonraí a cuireadh isteach cheana le haghaidh eisíocaíochta nó faireacháin, i gcomhréir le prionsabal na haonuaire.

Soláthraithe: Údaráis is tairbhíthe (Ceanglais 1–2).

Faightheoirí: ranna an Choimisiúin; Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le tuairisciú (Ceanglas 3).

Truicir: Timthriallta tuairiscithe, iarrataí ar eisíocaíocht, fógraí ráthaíochta, ceanglais iniúchóireachta.

Minicíocht: Tréimhsiúil (e.g. míosúil, nó mar a shainítear ar shlí eile sa Rialachán), agus *ad hoc* i gcás riachtanais airgeadais nó iniúchóireachta.

4.3. Réitigh dhigiteacha

Maidir le gach ceanglas ábhartha a bhaineann le cúrsaí digiteacha (Ceanglais 1-3), úsáidfí an Coimisiún córas malartaithe slán agus teimpléid sonraí chun malartú faisnéise rúnaicmithe agus faisnéise íogaire a éascú idir an Coimisiún agus an Úcráin agus, i gcás inarb iomchuí, leis na Ballstáit atá Rannpháirteach.

Freagracht: ranna an Choimisiúin agus údaráis is tairbhíthe nó Ballstáit atá Rannpháirteach nó tríú tíortha, i gcás inarb iomchuí.

IS: Ní shainordaítear aon fheidhmiúlacht IS.

Comhlíontacht: Comhlíonfaidh gach córas creat cibearshlándála an Aontais, eIDAS, rialacha cosanta sonraí, agus rialacha an Choimisiúin maidir le faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil.

In-athúsáidteacht: Cuireann gach réiteach digiteach le bonneagar an Choimisiúin atá ann cheana.

4.4. Measúnú idir-inoibritheachta

Ceanglaítear leis an Rialachán go ndéanfar faisnéis rúnaicmithe/íogair a mhalartú go slán, go mbeidh rochtain ag an gCoimisiún ar na sonraí uile is gá le haghaidh oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán, lena n-áirítear fíorú, agus cosaint sonraí. Tá sé beartaithe na hoibleagáidí uile a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as córais shlána an Choimisiúin atá ann cheana gan bearnaí idir-inoibritheachta. Tacaíonn sé sin le Ceanglais 1–3.

4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Ós rud é go gcuireann an Coimisiún cúnamh ar fáil cheana féin don tír is tairbhí faoi chreataí tacaíochta airgeadais agus oibríochtúla atá ann cheana, níl gá le haon bheart cur chun feidhme digiteach breise i gcás R1 agus R3. Maidir le tuairisciú ar chumas tionsclaíoch cosanta (Ceanglas 2), féadfaidh an Coimisiún, ar leibhéal na roinne, treoir agus soiléiriú a sholáthar maidir leis na teimpléid dhigiteacha agus na nósanna imeachta um malartú slán chun ullmhacht agus úsáid chomhsheasmhach na bpáirtithe lena mbaineann a áirithiú.